Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil
Commissioner for Environmental Information

# Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

## Athbhreithniú Bliantúil 2025



2026 © Oifig an Choimisinéara
um Fhaisnéis Comhshaoil

6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Guthán: (01) 639 5689
Suíomh gréasán: www.ocei.ie

Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil
Commissioner for Environmental Information

# Athbhreithniú Bliantúil 2025

# Clár ábhair


## Réamhrá ón gCoimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil 1

## Nuashonrú ón Ard-Stiúrthóir 3

## Caibidil 1: Athbhreithniú ar an mBliain 4

Torthaí Achomhairc 6

Daoine a Choinneáil ar an Eolas 9

Straitéis agus Rialachas Corparáideach 10

## Caibidil 2: Socraíochtaí Neamhfhoirmiúla 11

## Caibidil 3: Téamaí Ag Eascairt as Achomhairc a Réitíodh in 2025 14

Cásanna "cuardaigh" Airteagal 7(5) 15

Faisnéis ar éileamh leanúnach a bhaineann leis an bhforaoiseacht 18

Airteagal 8(a)(i) de na Rialacháin 19

Airteagal 9(1)(b) de na Rialacháin 23

Airteagal 9(1)(c) de na Rialacháin 25

## Caibidil 4: Cúrsaí Dlíthíochta 28



# Réamhrá ón gCoimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Is é cuspóir na Rialachán agus an réimis um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) a chur ar chumas daoine den phobal rochtain thráthúil agus éasca a bheith acu ar fhaisnéis faoin gcomhshaol chun cabhrú leo siúd ar mian leo páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht faoin gcomhshaol é sin a dhéanamh ar bhealach feasach.

Tá na Rialacháin RFC agus an Treoir RFC bunaithe ar thoimhde i bhfábhar scaoileadh faisnéise chomhshaoil. Is é ról na hOifige athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh ar chinntí a dhéanann údaráis phoiblí maidir le hiarratais ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-achomharc le blianta beaga anuas. Lean an treocht seo ar aghaidh in 2025. Fuarthas 352 achomharc faoin 3 Nollaig 2025, méadú 12.46% ar fhigiúr iomlán na bliana 2024.

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, tá iarratais ar fhaisnéis a bhaineann leis an bhforaoiseacht fós i réim inár gcuid oibre, agus thart ar 66% de na hachomhairc chuig an Oifig seo bainteach le cinntí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara nó ó Choillte.

Cé go bhfuarthas 352 achomharc in 2025, cuireadh 295 i gcrích agus, dá bhrí sin, bhí 484 achomharc ar láimh ag deireadh na bliana. Tá breis agus 220 de na hachomhairc ar láimh ó dhuine amháin.

D'eisíomar 189 gcinneadh foirmiúil in 2025. Inár gcinntí, chuireamar ar neamhní díreach faoi bhun 55% de chinntí na n-údarás poiblí. Cé go bhfuil sé ard fós, is treocht anuas í a bhfuil fáilte mhór roimpi. Bhí an ráta neamhnithe in 2023 díreach faoi bhun 92% agus thit sé in 2024 go díreach os cionn 66%. Is é ár gcuspóir leanúint le dea-chinnteoireacht agus scaipeadh faisnéise ag údaráis phoiblí a chur chun cinn, le súil go laghdófar an gá atá ag iarratasóirí cinntí a achomharc.

D'iarr mé go leanúnach ar údaráis phoiblí acmhainní cuí a chur ar fáil dá bhfeidhmeanna RFC agus tacú leo, go háirithe ó thaobh foirne, oiliúna agus tacaíochta dóibh siúd a oibríonn go díreach ar iarratais RFC agus do dhaoine eile san eagraíocht a dhéileálann leo.

Spreag mé freisin údaráis phoiblí a bhfuil faisnéis chomhshaoil acu an réimse is leithne is féidir de roghanna a chur i bhfeidhm chun ábhar a iarrtar go minic a scaipeadh go réamhghníomhach.

Creidim go láidir gurb é an scaipeadh réamhghníomhach, gan gá le hiarratais fhoirmiúla, an bealach is fearr le déileáil le hiarratais ar fhaisnéis agus go bhféadfadh sé an t-ualach riaracháin ar údaráis phoiblí agus an costas don cháiníocóir a laghdú.

Ba mhaith liom a mheabhrú do gach údarás poiblí go bhfuil sé de dhualgas orthu faisnéis ábhartha a scaipeadh go réamhghníomhach mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún Aarhus agus sa Treoir maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Ba mhaith liom a aithint go bhfuil dul chun cinn déanta ag roinnt údarás poiblí, idir ina gcinntí ar iarratais RFC agus i soláthar faisnéise. Áirítear orthu siúd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Coillte, agus iad araon ag cur faisnéise ar fáil níos mó agus níos mó trí thairseacha ar líne.

D'iarr mé freisin roimhe seo ar iarratasóirí atá ag lorg faisnéise an próiseas a úsáid don chuspóir a bhí beartaithe acu, oibriú i gcomhar leis an údarás poiblí, agus a bheith réasúnach ina n-iarratais, ina n-iompar agus ina gcuid idirghníomhaíochta le foireann na n-údarás poiblí.

Féadfaidh údarás poiblí diúltú faisnéis chomhshaoil a chur ar fáil má mheastar go bhfuil an t-iarratas míréasúnach go follasach, ag féachaint do mhéid nó do raon na faisnéise a iarrtar. I gcásanna ina seolann iarratasóir iliomad cumarsáide chuig údarás poiblí laistigh de thréimhse ghearr ama, d'fhéadfadh sé a bheith réasúnach i gcúinsí áirithe cuid díobh sin a mheas mar iarratas amháin, nó mar líon níos lú iarratas.

Deir Treoir an Aire go soiléiríonn Airteagal 9(2) de na Rialacháin RFC gur féidir le húdarás poiblí diúltú faisnéis a chur ar fáil má mheastar an t-iarratas a bheith míréasúnach.

Ba cheart d'údaráis phoiblí agus d'iarratasóirí araon teagmháil dhearfach a dhéanamh lena chéile chun an t-iarratas a phróiseáil ina iomláine chomh héifeachtach agus is féidir.

Nuair is gá achomharc a dhéanamh, tá rannpháirtíocht luath agus chuí le himscrúdaitheoirí OCEI ríthábhachtach chun réitigh neamhfhoirmiúla a bhaint amach nuair is féidir. Tá sé cruthaithe le blianta beaga anuas go bhfuil an cur chuige seo tairbheach. Táimid tiomanta réitigh neamhfhoirmiúla a aimsiú ar achomhairc. Tá roinnt údarás poiblí agus iarratasóirí tar éis dul i dteagmháil iomlán le foireann na hOifige seo chun torthaí tairbheacha don dá thaobh a bhaint amach tríd an bpróiseas seo. Tá fáilte mhór roimh an rannpháirtíocht leanúnach seo.

Mar a luaigh mé in athbhreithnithe roimhe seo, tá sé curtha in iúl ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil le roinnt blianta go bhfuil sé ar intinn aici na Rialacháin RFC a leasú. Bhí rannpháirtíocht shuntasach againn leis an Roinn maidir leis na hathruithe atá beartaithe. Tá leagtha amach againn don Roinn na cineálacha beart a chreidimid a chuirfeadh feabhas ar éifeachtacht an réimis RFC in Éirinn. I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an Roinn dréachtleagan de Rialacháin RFC leasaithe agus chomhdhlúite. Athrú amháin ar na Rialacháin a bhfuil sé léirithe ag an Roinn go bhfuil sé beartaithe aici a dhéanamh ná a cheangal ar an Oifig seo cinntí a dhéanamh, "go tráthúil agus, a mhéid is indéanta, tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis an dáta a fhaigheann an Coimisinéir an t-iarratas ar an athbhreithniú lena mbaineann."

Táimid tiomanta do chinntí a dhéanamh ar an mbealach is tráthúla agus is féidir. Déanaimid athbhreithniú rialta ar ár bpróisis agus ar ár nósanna imeachta chun tráthúlacht ár gcinntí a fheabhsú. Aithním nach bhfuil cinntí á n-eisiúint chomh tapa agus ba mhaith linne nó leis na páirtithe san athbhreithniú. Tá bearta á ndéanamh againn chun an méid ama a thógann sé cinntí a eisiúint a laghdú.

Mar sin féin, beag beann ar na céimeanna a ghlactar, ar an méid acmhainní a chuirtear ar fáil nó ar líon na foirne atá ar fáil, creidim nach bhfuil sé cuí amlíne a leagan síos sa reachtaíocht. Ina theannta sin, i go leor cásanna, níl sé indéanta cinneadh a eisiúint laistigh de cheithre mhí agus cloí ag an am céanna le riachtanais nóis imeachta chóir a fhorchuirtear le dlí na hÉireann. Táim dóchasach fós nach mbeidh an fhoráil lochtach agus mhíchuí seo san áireamh sa leagan deiridh de na Rialacháin.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear iarratasóirí, údaráis phoiblí agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, as a gcomhoibriú i rith na bliana. Go háirithe, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann uile OCEI, faoi cheannaireacht na bPríomhimscrúdaitheoirí Julie O'Leary agus Gemma Farrell, as a dtiomantas agus a gcuid oibre crua i soláthar seirbhíse ardchaighdeáin.

Táimid fós tiomanta seirbhís chothrom, neamhspleách, ardchaighdeáin agus éifeachtach a chur ar fáil a thacaíonn le rochtain chuí ar fhaisnéis chomhshaoil.

**Ger Deering**
*An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil*

**Bealtaine 2026**



# Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

Ba mhaith liom ár bhfoireann a mholadh as a gcuid oibre crua i rith na bliana chun príomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is é sin cinntí cuimsitheacha, soiléire agus a bhfuil buneolas maith fúthu a sholáthar maidir le hachomhairc chuig OCEI, agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn i measc údaráis phoiblí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

I mí na Nollag 2025, rinneadh ionsaí randamach cibearshlándála ar chuid de na córais TF inár nOifig, lena n-áirítear an córas leictreonach bainistíochta cásanna a d'úsáid OCEI chun a cuid oibre a dhéanamh. Ba iad na tosaíochtaí láithreacha a bhí againn ná sonraí pearsanta a chosaint agus ár seirbhísí a athbhunú go sábháilte. Baineadh an dá chuspóir seo amach agus táim bródúil as athléimneacht ár bhfoirne agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin ár seirbhísí á n-athbhunú go tapa.

De dheasca gur cailleadh rochtain ar ár gcóras bainistíochta cásanna, ní dhéantar ár gcuid cásoibre a thomhas ach go dtí an 3 Nollaig 2025 amháin. Is léir ón staidreamh seo go raibh an-ráchairt ar ár seirbhísí fós agus gur bliain ghnóthach a bhí ann maidir le líon na n-achomharc a fuarthas, athbhreithnithe a cuireadh i gcrích agus cinntí a rinneadh.

Tacaíonn ár "gcroílár corparáideach" le neamhspleáchas OCEI agus soláthraíonn sé na tacaíochtaí riaracháin riachtanacha amhail Acmhainní Daonna, TFC, Airgeadas, Soláthar, Saoráidí, Dlí agus Cumarsáid. Cuireann sé seo ar chumas na foirne díriú ar obair OCEI.

Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise – "I dTreo 2030" ár bpríomhchuspóirí, amhail cinnteoireacht thráthúil agus stuama, for-rochtain, soláthar seirbhísí nuashonraithe agus inrochtana; ár n-eolas ar dhlí faisnéise comhshaoil agus dea-chleachtas i ndlínsí eile a mhéadú; agus leas a bhaint as forbairtí i dteicneolaíocht dhigiteach chun tacú le cur i bhfeidhm ár straitéise. Táim ag tnúth le bheith ag obair le foireann OCEI chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.



**Elaine Cassidy**
*An tArd-Stiúrthóir*

# Caibidil 1:
# Athbhreithniú ar an mBliain



# Caibidil 1: Athbhreithniú ar an mBliain

**Ar na cúiseanna atá leagtha amach i Réamhrá an Ard-Stiúrthóra, níl an staidreamh san Athbhreithniú Bliantúil seo 2025 chomh cuimsitheach ná mar a bhí in Athbhreithnithe roimhe seo. Clúdaíonn an tuarascáil an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 3 Nollaig 2025. Cuirfear staidreamh a bhaineann leis an tréimhse ón 3 Nollaig go dtí an 31 Nollaig le hAthbhreithniú Bliantúil 2026.**

## Achomhairc a bhfuarthas in 2025

Léiríonn na cairteacha thíos an méadú ar líon na n-achomharc a fuair OCEI le blianta beaga anuas. Áiríodh leis sin méadú 151% gan fasach ar na hachomhairc a fuarthas idir 2021 agus 2022. Bhain líon na n-achomharc buaicphointe amach in 2023. Coinníodh an leibhéal sin, den chuid is mó, in 2024, le laghdú measartha 10.38% bliain ar bhliain. Thosaigh líon na n-achomharc a fuarthas ag fás arís. Faoin 3 Nollaig 2025, fuair OCEI 352 achomharc in 2025, sé sin méadú 12.46% ar an líon na bliana iomláine do 2024, a léiríonn an éilimh ard leanúnach ar ár seirbhísí.

Ba iad na húdaráis phoiblí a fuair an líon is mó achomharc i gcoinne a gcinntí ná An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara agus Coillte. Bhí thart ar 66% d'achomhairc chuig an Oifig seo i gcoinne cinntí na Roinne Talmhaíochta Bia agus Mara nó Coillte. Tá sé seo, a bheag nó a mhór, ag teacht leis an méid a chonaic muid i mblianta roimhe seo.

### Líon na n-achomharc a fuarthas agus ar láimh ó 2020 go dtí 2025




* Ar an 3 Nollaig 2025

Is ionann an líon de 484 achomharc ar láimh atá ag fanacht le cinneadh ar an 3 Nollaig 2025 agus an líon is airde ó bunaíodh OCEI, a sháraíonn líon is mó de 424 ón bhliain seo caite . Mar sin féin, d'ainneoin na treochta leanúnaí de mhéadú ar líon na gcásanna atá fós ar fáil le cinneadh, tá ráta an mhéadaithe cobhsaithe ó 2023 i leith, agus gan ach méadú beag níos lú ná 0.5% idir 2024 agus 2025. Chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as an méadú ar líon na n-achomharc a fhaightear agus ar líon na n-achomharc ar láimh atá fós le cinneadh, tá áthas orainn a rá gur tháinig seisear imscrúdaitheoirí nua isteach i bhfoireann OCEI i rith 2025.

Mar gheall ar ár bhfeidhm athbhreithnithe, ní féidir lenár nOifig a bheith ar an eolas ach faoi iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) ar cuireadh achomharc chuig an Oifig seo ina leith, agus ní formhór na n-iarratas RFC a dhéantar chuig údaráis phoiblí nach sroicheann ár nOifig. San am a chuaigh thart, d'úsáideamar staidreamh náisiúnta RFC a bhailigh agus a d'fhoilsigh An Roinn Comhshaoil, Cumarsáide agus Aeráide chun barúil a fháil maidir le leibhéal na n-iarratas RFC a rinneadh go náisiúnta. Chuir sé seo ar ár gcumas céatadán na n-iarratas a ndéantar achomharc orthu chuig OCEI a ríomh ar an mbonn go bhfuil an t-achomharcóir míshásta le cinneadh údaráis phoiblí.

Tráth na scríofa, níl bailiú agus tiomsú na staitisticí náisiúnta RFC curtha i gcrích fós ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Dá bhrí sin, níl muid in ann céatadán na n-iarratas RFC a tháinig chuig ár nOifig a ríomh. Is féidir staidreamh ó bhlianta roimhe seo a fháil ag an nasc seo a leanas. Foilseofar staidreamh náisiúnta RFC do 2025 anseo freisin ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil i dtráth cuí: National AIE Statistics

## Torthaí Achomhairc

### Líon na gcásanna a cuireadh i gcrích



## Miondhealú ar thorthaí na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2025

- Cinneadh 64%
- Dúnta ag an Aonad Tacaíochta 15%
- Réitithe go neamhfhoirmiúil 20%
- Neamhbhailí 1%




Mar a léirítear sa ghraf thuas, réitigh OCEI an líon achomharc is mó riamh in 2025 – agus cuireadh 295 cás i gcrích. Tugann an dara graf miondealú ar cad leis ar bhain na cásanna sin a cuireadh i gcrích.

Mar chúlra, ar achomharc bailí a fháil, déanaimid measúnú  ar gach cás chun an réiteach is fearr agus is féidir a aithint. Pléimid cé an bhfuil seans réasúnta ann go réiteofar an cás go neamhfhoirmiúil, rud a chiallaíonn go réiteofar an cás gan gá le cinneadh foirmiúil ceangailteach. Déanaimid roinnt cásanna a thuairisciú mar "réitithe", don chuid is mó nuair a ghlacann an t-údarás poiblí céimeanna a fhágann nach gá don t-achomharcóir cinneadh foirmiúil ceangailteach a fháil (mar shampla, eolas comhshaoil breise a scaoileadh atá ábhartha don iarratas) agus nuair a shocraíonn an t-achomharcóir gan dul ar aghaidh leis an athbhreithniú. Is féidir teacht ar shocraíocht ag céim ar bith den phróiseas imscrúdaithe sula n-eisítear cinneadh foirmiúil.  Dúnadh díreach ós cionn 20% d'achomharc trí réiteach in 2025, rud a léiríonn laghdú ó 2024, nuair a réitíodh díreach os cionn 26% d'achomharc.

Is cúis áthais dúinn fós go bhfuil roinnt údarás poiblí agus achomharcóirí toilteanach teacht ar chomhaontú maidir le hachomhairc a atreoraíodh chuig ár nOifig gan gá le cinneadh foirmiúil a eisiúint. Ar an gcaoi sin scaoiltear ár n-acmhainní teoranta ionas gur féidir linn díriú ar na hathbhreithnithe sin nuair nach féidir socraíochtaí a dhéanamh. Tá tuilleadh faisnéise faoi achomharc a dhúnadh trí réiteach neamhfhoirmiúil níos déanaí sa tuarascáil seo.

I gcásanna nár chuir údarás poiblí cinneadh ar fáil d'iarrthóir ina leith laistigh den chreat ama a cheanglaítear leis Rialacháin RFC, agus is féidir le hiarrthóir achomharc a dhéanamh chuig ár nOifig ar bhonn diúltú measta. Sna cásanna sin, iarrfaidh Aonad Tacaíochta na hOifige seo ar an údarás poiblí cinneadh déanach a chur ar fáil don achomharcóir. Déanaimid tagairt don chinneadh déanach seo mar "sheasamh éifeachtach" ós rud é go gcuirtear i láthair é lasmuigh de na tréimhsí ama reachtúla. Nuair a sholáthraíonn údarás poiblí "seasamh éifeachtach", dúnann an tAonad Tacaíochta na cásanna seo. Mhéadaigh cion na gcásanna a dúnadh ag ár nAonad Tacaíochta in 2025, agus dúnadh 15% de na hachomhairc seo. Is ionann é seo agus méadú de thart ar 4% i gcomparáid le 2024, nuair a dhún an tAonad Tacaíochta 11.54% de na cásanna faoi bhráid acu.

Ar deireadh, dúnadh 64% de na cásanna le cinneadh foirmiúil in 2025.

## Cásanna a Cuireadh i gCrích le Cinneadh

### Toradh na gcásanna a cuireadh i gcrích le cinneadh

- Dearbhaithe 38.2%
- Curtha ar Neamhní 54.7%
- Athraithe 7.06%




Sa chás go gcuirtear athbhreithniú i gcrích trí chinneadh foirmiúil ceangailteach, úsáidimid na catagóirí seo a leanas:

- Cinneadh dearbhaithe: Aontaíonn OCEI go hiomlán leis an údarás poiblí.
- Cinneadh athraithe: Athraíonn OCEI cuid de chinneadh an údaráis áitiúil, ach ní an cinneadh go léir.
- Cinneadh curtha ar neamhní: Ní aontaíonn OCEI le haon chuid de chinneadh an údaráis áitiúil. Sa chás seo, is gnách go dtreoróidh an Coimisinéir an t-údarás poiblí chun scrúdú úr a dhéanamh ar an iarratas nó an fhaisnéis atá i gceist a scaoileadh.

I mbeagán níos mó ná 38% de na cásanna a cuireadh i gcrích le cinneadh ceangailteach foirmiúil in 2025, dearbhaíodh cinneadh an údaráis phoiblí i 7.06% de na cinntí, athraíodh cinneadh an údaráis phoiblí agus i 54.7% de na cásanna cuireadh cinneadh an údaráis phoiblí ar neamhní.

Is ráta ard oibiachtúil é ráta neamhnithe 54.7%. Tugann sé seo le fios gur easaontaigh an Coimisinéir leis an gcinneadh iomlán a rinne an t-údarás poiblí i níos mó ná leath de na cásanna in 2025 a ndearna sé cinneadh foirmiúil orthu.

Mar sin féin, i gcomhthéacs na mblianta beaga anuas, léiríonn ráta neamhnithe díreach faoi bhun 55% leanúnachas de threocht dearfach anuas. Bhí an ráta neamhnithe in 2023 díreach faoi bhun 92% agus thit sé in 2024 go beagán os cionn 66%. Cuirtear fáilte roimh an laghdú leanúnach seo ar chion na neamhnithe, cé go léiríonn an fhíric go bhfuil níos mó ná leath de na cinntí foirmiúla ina neamhnithe, go bhfuil obair fós le déanamh ag údaráis phoiblí i roinnt cásanna chun caighdeán a gcinnteoireachta a fheabhsú

Agus an dul chun cinn soiléir déanta ag údaráis phoiblí le roinnt blianta anuas á chur san áireamh, tá súil iomlán ag OCEI go mbeidh feabhas leanúnach le feiceáil ar an ráta neamhnithe in 2026 agus ina dhiaidh sin.

## Amlíne le haghaidh cinnteoireachta

Is eol dúinn an tréimhse fhada ama a thógann sé chun achomhairc chuig OCEI a thabhairt chun críche agus chun cinneadh a eisiúint. In 2025, bhí formhór ár n-achomharc ós cionn aon bhliain d'aois nuair a tugadh an cás chun críche. Tá roinnt beart déanta againn chun an tréimhse seo a laghdú, lena n-áirítear béim níos mó ar réiteach neamhfhoirmiúil cásanna nuair is féidir. Freisin mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil, méadú ar fhoireann OCEI le seisear imscrúdaitheoirí breise in 2025. Ba cheart go n-éascódh bearta den sórt sin laghdú ar an am a thógann sé cás a shannadh d'imscrúdaitheoir. Tá go leor cúiseanna ann, áfach, seachas acmhainní a bhféadfadh tréimhse shuntasach ama a bheith ag baint le himscrúdú a dhéanamh ar achomhairc RFC. Tá tuilleadh plé ar an ábhar sin i gCaibidil 2 den athbhreithniú seo.

## Daoine a Choinneáil ar an Eolas

D'fhreastail ár bhfoireann ar roinnt imeachtaí oiliúna agus comhdhálacha agus rinne siad cur i láthair mar chuid díobh le linn 2025.
I mí Iúil 2025, labhair an Coimisinéir ag comhdháil bhliantúil an Chumann Bharra um Phleanáil, Comhshaol agus Rialtas Áitiúil. Tagann saineolaithe agus gairmithe dlí ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe le chéile chun saincheisteanna práinneacha i ndlí comhshaoil agus pleanála a phlé. Chríochnaigh an Coimisinéir an chomhdháil agus thug sé nuashonrú ar ról agus ar an obair a rinne a oifig le déanaí maidir le trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil a chur chun cinn.

Cé nach gcuirimid comhairle ar fáil d'údaráis phoiblí maidir le hiarratais RFC aonair ná oiliúint RFC, chuir ár n-imscrúdaitheoirí seisiún oiliúna ar fáil d'fhoireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i rith na bliana, ag díriú go príomha ar ról Imscrúdaitheoirí OCEI, ar "chásanna cuardaigh", cur i bhfeidhm Airteagal 7(5), agus an dualgas cúiseanna sásúla a thabhairt i gcinntí céadchéime.

I mí na Nollag 2025 thugamar cur i láthair do Líonra Saorála Faisnéise na Roinne Dlí agus Cirt, ar fhreastail Oifigigh SF air a oibríonn mar Oifigigh RFC ina n-eagraíochtaí féin. Phléigh an cur i láthair an córas RFC in Éirinn agus dhírigh sé go háirithe ar "chásanna cuardaigh", cur i bhfeidhm Airteagal 7(5), agus cur i bhfeidhm Airteagal 8(a)(i) agus faisnéis phearsanta. Pléadh roinnt saincheisteanna eile freisin, lena n-áirítear: príomhdhifríochtaí idir na córais RFC agus SF; sainmhíniú ar fhaisnéis comhshaoil; díolúintí a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a mheas; agus cur i bhfeidhm na tástála cothromaíochta leas an phobail in achomhairc.

D'fhreastail muid freisin ar Chomhdháil Líonra Oifigeach RFC i mí na Nollag 2025 agus thugamar cur i láthair, a d'eagraigh agus a d'óstáil an Roinn Comhshaoil, Cumarsáide agus Aeráide. Bhain an cur i láthair le ról OCEI agus bhí cás-staidéir ann maidir le cur i bhfeidhm díolúintí faoi Airteagail 7(5) agus 9(2)(a) de Rialacháin RFC. Bhí deis againn ceisteanna ó rannpháirtithe a fhreagairt chomh maith. Cuireann imeachtaí den sórt sin deis an-úsáideach ar fáil chun dul i dteagmháil dhíreach le hOifigigh RFC lasmuigh de chomhthéacs athbhreithnithe aonair, agus táimid tiomanta do leanúint de ról gníomhach a ghlacadh in imeachtaí den chineál céanna amach anseo.

Cuirimid fáilte i gcónaí roimh an deis teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear oifigigh RFC, agus léargas a thabhairt ar na saincheisteanna a bhíonn ag ár nOifig d'fhonn próiseáil iarrataí RFC a fheabhsú.

## Straitéis agus Rialachas Corparáideach

Soláthraíonn Oifig an Ombudsman tacaíocht Seirbhísí Corparáideacha do OCEI agus do roinnt Oifigí Reachtúla eile. Cé go ndéanann gach Oifig éagsúil feidhmeanna reachtúla ar leith, feidhmíonn an Oifig mar ghníomhaireacht chónasctha aonair i dtéarmaí eagrúcháin. Maoinítear an Oifig le Vóta amháin agus déanann Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Stiúrthóir) maoirseacht uirthi agus faigheann sé tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta. Agus iad i mbun a gcuid oibre, glacann ár bhfoireann leis na hoibleagáidí traidisiúnta maidir le príobháideacht agus ionracas agus iad ag comhlíonadh dualgas oifigiúil, agus san am céanna bíonn siad ag cosaint agus ag caomhnú neamhspleáchas reachtúil agus feidhmeanna gach ceann de na hoifigí comhpháirteacha ina n-oibríonn siad.

Is féidir sonraí iomlána maidir lenár Rialachas Corparáideach a fháil ar leathanach Straitéise agus Rialachais ár suíomh gréasáin:

Tugann an nasc seo rochtain ar nuashonruithe maidir lenár:

- Plean Straitéiseach 2026-29.
- Comhlíonadh na gceanglas faoi Acht na Gaeilge.
- Comhlíonadh cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta.
- Comhlíonadh na gceanglas faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an dualgas atá ar sheirbhísigh phoiblí maidir le cearta an duine).
- Creat Rialachais Chorparáidigh.
- An Fhoireann Ghlas (lena n-áirítear ár gcomhlíonadh leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin) Treochlár um Ghníomhú Ar Son na hAeráide.
- Ballraíocht d'aon eagraíochtaí idirnáisiúnta.

## Caibidil 2:
# Socraíocht Neamhfhoirmiúil Achomharc



# Caibidil 2: Socraíocht Neamhfhoirmiúil Achomharc

Tá an Coimisinéir go mór i bhfábhar le achomhairc a socrú go neamhfhoirmiúil. Ba mhaith leis cur i gcuimhne d'achomharcóirí agus d'údaráis phoiblí go bhfuil foireann OCEI ar fáil chun réitigh neamhfhoirmiúla a phlé maidir le hachomhairc a bhí ann cheana agus achomhairc nua araon.

## Nós Imeachta maidir le socraíocht neamhfhoirmiúil

Tá roinnt buntáistí ag baint le cásanna a réiteach trí shocraíocht neamhfhoirmiúil gan gá le cinneadh foirmiúil a eisiúint don achomharcóir, d'údaráis phoiblí agus don Oifig seo. Ó thaobh an achomharcóra de, féadfaidh socraíocht nó aistarraingt réiteach níos tapúla ar an ábhar a thabhairt agus aisíocaíocht ar an táille achomhairc ábhartha. Ó thaobh an údaráis phoiblí de, is féidir rochtain a thabhairt ar chuid den fhaisnéis nó ar an fhaisnéis chomhshaoil uile atá i gceist an gá le haon riarachán breise a thógann am a sheachaint dá bhfoireann.

Mar chuid den mheasúnú chun an réiteach is fearr a aimsiú, pléann Imscrúdaitheoirí OCEI cé acu an bhfuil nó nach bhfuil seans réasúnta go réiteofaí cás gan cinneadh ceangailteach a eisiúint trí iarracht a dhéanamh teacht ar shocraíocht. Is féidir é seo a bhaint amach trí chomhrá leis an údarás poiblí ábhartha agus leis an achomharcóir i gcásanna oiriúnacha, nuair a aithníonn an tImscrúdaitheoir, tar éis scrúdú tosaigh ar chomhad an cháis, go bhféadfadh deis a bheith ann socraíocht neamhfhoirmiúil a bhaint amach.

Is féidir socraíocht neamhfhoirmiúil a fháil i ngach achomharc, má tá na páirtithe sásta páirt a ghlacadh go fóinteach. I measc na samplaí tipiciúla ina bhfuil socraíochtaí bainte amach tá achomhairc a thóg roinnt míonna ón am a glacadh leo chun céim an imscrúdaithe a bhaint amach. Sna cásanna seo, féadfaidh Imscrúdaitheoir teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe chun a fháil amach an bhfuil athrú tagtha ar sheasamh ceachtar acu i leith na faisnéise atá i gceist, i bhfianaise an ama atá caite ó glacadh leis an achomharc.

Uaireanta beidh údarás poiblí in ann taifid bhreise ábhartha a scaoileadh a d'fhéadfadh freastal ar iarratas an achomharcóra. Baineadh é seo amach roimhe seo nuair a bhí léirmhíniú éagsúil ar Rialacháin RFC ag cinnteoir eile agus gur mheas sé gur cheart an fhaisnéis a scaoileadh. D'fhéadfadh sé a bheith mar an gcéanna freisin go, i bhfianaise an ama atá imithe ó iarratas bunaidh agus mar gheall ar chúinsí atá ag athrú nó atá tar éis athrú,

I gcás achomhairc maidir le faisnéis a d'fhéadfadh a bheith diúltaithe de bharr imeachtaí forfheidhmithe éagsúla atá ar siúl nó imeachtaí comhchosúla, nó mar gheall ar an bhféidearthacht go leanfaí ar aghaidh le himeachtaí ábhartha, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, de dheasca imeacht ama, go bhfuil na himeachtaí sin curtha i gcrích, nó go bhfuil cinneadh déanta gan dul ar aghaidh leo. Sa chás sin, d'fhéadfadh údarás poiblí a bheith i riocht an fhaisnéis iarrtha a scaoileadh. Ar an mbealach céanna, nuair a dhiúltaítear faisnéis ar an mbonn go bhfuil sí neamhiomlán, d'fhéadfadh údarás poiblí a bheith in ann cuid de na taifid nó iad go léir a scaoileadh nuair a shroicheann an achomharc céim an imscrúdaithe.

Ní gníomhaíocht í socraíocht neamhfhoirmiúil atá deartha chun cearta an achomharcóra ná an údaráis phoiblí a laghdú ar bhealach ar bith. Ina ionad sin, is próiseas atá ann atá dírithe ar na difríochtaí idir na páirtithe a laghdú. I roinnt cásanna, baineann na páirtithe pointe amach ina soiléiríonn siad a seasamh nó ina n-athraíonn siad a seasamh le linn an nós imeachta socraíochta. I gcásanna eile, fágtar difríochtaí nach féidir a réiteach ach trí chinneadh ceangailteach ón gCoimisinéir. Fiú más gá le cinneadh ceangailteach, is féidir leis

an bpróiseas socraíochta a chinntiú go ndíríonn an cinneadh ar bhunús an aighnis idir na páirtithe amháin.

Tá sé fíor-thábhachtach do gach páirtí a thabhairt faoi deara nach bhfuil tuairim Imscrúdaitheora OCEI, nó fiú moladh a thug Imscrúdaitheoir OCEI le linn plé a bhí dírithe ar réiteach neamhfhoirmiúil a fháil ar achomharc ar bith, ceangailteach ar an gCoimisinéir. Ní bheidh athbhreithniú déanta ag an gCoimisinéir ar na mionsonraí ná tuairim a déanta aige faoi achomharc ag an bpointe seo, agus is tuairimí amháin iad a thugtar ag an Imscrúdaitheoir atá ceaptha tar éis scrúdú tosaigh ar chúinsí an achomharc ábhartha.

I gcásanna ina raibh baint mhór ag Imscrúdaitheoir in iarrachtaí achomharc a réiteach go neamhfhoirmiúil, agus nach n-éiríonn leis na comhráite sin, ceapfar an achomharc go ginearálta chuig Imscrúdaitheoir eile de OCEI le himscrúdú de-novo.

Cé gur féidir le socraíocht neamhfhoirmiúil ar achomhairc an t-ualach riaracháin ar údaráis phoiblí a laghdú go pointe áirithe, agus a chinntiú go bhfaigheann achomharcóirí an fhaisnéis chomhshaoil a bhfuil siad i dteideal rochtain uirthi, is léir go mbeadh sé níos tairbhí dá dtabharfaí rochtain dóibh ar an bhfaisnéis sin chomh luath agus is féidir tar éis iarratais a dhéanamh, gan gá le hachomharc chuig an Oifig seo, rud a chuireann moill ar rochtain ar fhaisnéis sa deireadh agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas na n-achomharcóirí páirt a ghlacadh go héasca agus ar bhealach eolasach i gcinnteoireacht chomhshaoil.

## Cás-staidéar ar shocraíocht neamhfhoirmiúil ar achomhairc

D'éirigh go mór le rannpháirtíocht idir Imscrúdaitheoirí OCEI, foireann údaráis phoiblí agus achomharcóirí in 2025.

Tar éis athbhreithniú OCEI ar gach achomharc oscailte a bhí ar láimh maidir le cinntí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, a tharla i R1 2025, chuaigh Imscrúdaitheoirí OCEI i dteagmháil le baill foirne ón Roinn agus le hachomharcóirí chun achomhairc oscailte a scrúdú d'fhonn socraíocht neamhfhoirmiúil ar achomhairc a bhaint amach nuair ab fhéidir, trí fhaisnéis chomhshaoil ábhartha a scaoileadh. Leathnaigh an rannpháirtíocht freisin chuig bainistiú soláthar aighneachtaí agus príomhthaifead don Oifig seo chun imscrúdú níos tráthúla ar achomhairc nach raibh oiriúnach do shocraíocht neamhfhoirmiúil a chinntiú. Mar thoradh díreach ar obair na foirne seo agus ar chomhoibriú na n-achomharcóirí ábhartha, baineadh socraíocht neamhfhoirmiúil amach i gcás 32 achomharc le linn 2025, agus eisíodh 33 cinneadh foirmiúil eile ar bhealach níos tráthúla.

Sampla sonrach de na buntáistí a bhaineann leis an bpróiseas seo is ea socraíocht neamhfhoirmiúil roinnt achomharc a bhaineann le sonraí Córais Faisnéise Geografaí (GIS). Téama athfhillteach i roinnt de na hachomhairc a raibh muid ag déanamh imscrúdú orthu ag deireadh 2025 ab ea an t-éileamh méadaithe ar fhaisnéis ábhartha i bhformáid GIS, lena n-áirítear comhaid chruth agus sonraí tréithe ábhartha. Ar dtús, bhí an tuairim ag an Roinn nár cheart na sonraí seo a scaoileadh ar chúiseanna éagsúla ag brath ar gcineál achomhairc. Trí phlé leis na baill foirne ábhartha den Roinn, thángthas ar chomhaontú inar chuir an Roinn méid suntasach sonraí GIS ar fáil trína tairseach sonraí oscailte, rud a chuir ar chumas na n-achomharc seo a dhúnadh trí shocraíocht neamhfhoirmiúil. Ina theannta sin, d'aontaigh an Roinn nuashonruithe rialta ar an bhfaisnéis seo, rud ar cuireadh fáilte mhór roimhe, agus ní hamháin gur éascaigh sé dúnadh na n-achomharc ábhartha a bhí ann cheana, ach chinntigh sé freisin nach mbeadh gá le hachomhairc chomhchosúla eile amach anseo.

Sampla eile de na buntáistí a bhaineann leis an rannpháirtíocht dhearfach seo is ea athrú ar Théarmaí agus Coinníollacha um Amharcóirí Ceadúnais Foraoise, a chinntíonn go gcloíonn na Téarmaí agus Coinníollacha le haidhmeanna, cuspóirí agus spriocanna an chórais RFC, ionas go mbeidh duine a fhaigheann rochtain ar fhaisnéis ón amharcóir saor chun an fhaisnéis sin a úsáid chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht chomhshaoil.

Is mór againn an comhoibriú leanúnach ó fhoireann na Roinne, mar aon le rannpháirtíocht na n-achomharcóirí ábhartha a phléigh socraíochtaí neamhfhoirmiúla féideartha le hImscrúdaitheoirí OCEI go rialta.

## Caibidil 3:
# Téamaí a tháinig chun cinn ó achomhairc a réitíodh in 2025



# Caibidil 3: Téamaí a tháinig chun cinn ó achomhairc a réitíodh in 2025

Tá roinnt téamaí ann a d'eascair as achomhairc a réitigh an Oifig seo le linn na bliana seo. Leagann an rannán seo béim ar achomhairc a mheasaimid a mbeadh suim ar leith á léiriú iontu. Cuirimid cás-staidéir san áireamh, ar achoimrí gairide iad ar chinntí a eisíodh, ionas go mbeidh tuiscint níos fearr ag údaráis phoiblí agus iarrthóirí ar an gcaoi a bhfeidhmíonn próiseas achomhairc RFC. Soláthraímid naisc freisin chuig na cinntí iomlána, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Cuireadh fáilte mhór roimh an gcomhoibriú leanúnach idir achomharcóirí agus foirne laistigh de chomhlachtaí poiblí le hImscrúdaitheoirí OCEI le linn 2025.

Is iad seo a leanas na príomhthéamaí ar mhaith linn aird a tharraingt orthu:

- Cásanna "cuardaigh" Airteagal 7(5)
- Faisnéis ar éileamh leanúnach a bhaineann leis an bhforaoiseacht
- Airteagal 8(a)(i) de Rialacháin RFC
- Airteagal 9(1)(b) de Rialacháin RFC
- Airteagal 9(1)(c) de Rialacháin RFC

## Cásanna Cuardaigh Airteagal 7(5)

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, lean an Oifig seo ar aghaidh ag fáil líon ard achomharc ar chinntí a bhain le cinntí a rinne údaráis phoiblí gan faisnéis comhshaoil a scaoileadh ar an bhforas nach raibh an fhaisnéis iarrtha i seilbh an údaráis phoiblí a bhí i gceist nó i seilbh ar a shon. D'fhoilsigh an Oifig seo 89 cinneadh in 2025 ina raibh Airteagal 7(5) mar chuid den achomharc. As na 89 cinneadh seo, dhéileáil 69 díobh le hAirteagal 7(5) de Rialacháin RFC amháin.

Ceadaíonn Airteagal 7(5) de Rialacháin RFC d'údarás poiblí diúltú d'iarratas mura bhfuil an fhaisnéis iarrtha ina sheilbh aige. Chun go n-éireoidh le húdarás poiblí brath ar an bhforáil seo, ní mór dóibh, i measc rudaí eile, fianaise a sholáthar go ndearna sé cuardaigh leordhóthanacha ar an bhfaisnéis chomhshaoil a iarradh.

Is é cur chuige na hOifige seo i leith cásanna ina ndiúltaíonn údarás poiblí d'iarratas faoi Airteagal 7(5) ná imscrúdú a dhéanamh ar cé ar glacadh nó nár glacadh céimeanna leordhóthanacha chun faisnéis chomhshaoil ábhartha a aithint agus a aimsiú, ag féachaint d'imthosca an achomhairc. Ní gnách gurb é ról na hOifige seo cuardach díreach a dhéanamh ar fhaisnéis chomhshaoil.

Agus achomhairc á bplé ina mbraitheann údarás poiblí ar Airteagal 7(5) de Rialacháin RFC, déanfaidh Imscrúdaitheoir OCEI athbhreithniú cuimsitheach ar an gcomhad cáis chun a fháil amach ar ghlac an t-údarás poiblí céimeanna leordhóthanacha chun taifid a aimsiú a d'fhéadfadh a bheith laistigh de scóip an iarratais. Agus leordhóthanacht na gcéimeanna sin á meas, cuirtear caighdeán réasúnachta i bhfeidhm. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur tháinig feabhas in 2025 ar cháilíocht na mionsonraí cuardaigh a sholáthair údaráis phoiblí don Oifig seo, rud a d'fhág méadú ar líon na gcásanna cuardaigh ina ndearbhaigh an Coimisinéir cinneadh an údaráis phoiblí.

Go háirithe, chuir údaráis phoiblí comhthéacs mionsonraithe ar fáil don Imscrúdaitheoir maidir le hábhar an iarratais, mar shampla sonraí faoina nósanna imeachta inmheánacha agus an cineál taifead a ghintear de ghnáth i ndáil leis an iarratas.

Is gnách gurb iad na cineálacha faisnéise a bheadh de dhíth ar Imscrúdaitheoir ón údarás poiblí chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh cuardaigh réasúnta sna réimsí nó sna haonaid den eagraíocht a raibh cuardach déanta iontu, conas a rinneadh na cuardaigh sin, de láimh nó go leictreonach, agus mionsonraí na bpríomhfhocal a úsáideadh chun an cuardach a dhéanamh. Teastaíonn mionsonraí faoi na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo in aon chuardach de ghnáth freisin.

Ina theannta sin, is gnách go mbíonn gá freisin le treoirlínte, cleachtais, nósanna imeachta agus socruithe maidir le stóráil, comhdú, cartlannú, coinneáil agus scriosadh an chineáil faisnéise iarrtha, agus cur síos ar na cuardaigh a rinneadh chun an seans go mbeadh taifid chomhdaithe go mícheart nó caillte a chlúdach, agus cásanna den sórt sin á meas.

Ní éilíonn na Rialacháin cinnteacht iomlán maidir le taifead a bheith ann ná a suíomh, cionn is go dtarlaíonn cásanna ina gcailltear taifid nó nach féidir iad a aimsiú, nó ina bhféadfaí iad a bheith scriosta de réir bheartais bhainistíochta taifead an chomhlachta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach mbímid ag súil go ginearálta go ndéanfaidh údaráis phoiblí cuardaigh ar thaifid gan teorainn. Is é an cheist faoi Airteagal 7(5) ná cé acu ar ghlac nó nár ghlac an t-údarás poiblí gach céim réasúnach chun na taifid a bhí á lorg a aimsiú.

Leanann cásanna cuardaigh de bheith ina n-ualach suntasach ar acmhainní na hOifige seo, rud a éilíonn am agus iarracht ó Imscrúdaitheoirí chun dul i dteagmháil le húdaráis phoiblí. Bheadh sé le leas gach páirtí lena mbaineann dá gcuirfeadh údaráis phoiblí réasúnaíocht agus sonraí leordhóthanacha ar fáil ina gcinntí athbhreithnithe inmheánaigh chun go bhféadfaidh iarratasóirí measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhféadfadh taifid bhreise ábhartha dá n-iarratas a bheith ann nó nach bhféadfadh. Is minic a eascraíonn easpa cúiseanna mionsonraithe a chuirtear ar fáil d'achomharcóirí ina dhiaidh sin i n-achomhairc chuig an Oifig seo a d'fhéadfaí a sheachaint.

Is féidir le hachomharcóirí cabhrú le húdaráis phoiblí trí iarratais dhírithe agus shonracha a chur isteach agus trí dhul i dteagmháil le húdaráis phoiblí ar bhealach dearfach nuair a iarrtar soiléiriú. Nuair atá eolas ag achomharcóir cheana féin ar thaifid a d'fhéadfadh a bheith laistigh de scóip iarratais, is féidir leis an nochtadh luath den fhaisnéis sin cuidiú le moilleanna gan ghá a sheachaint.

Scrúdaíonn an cás-staidéar seo a leanas achomharc ina raibh an t-údarás poiblí ag brath ar Airteagal 7(5) de na Rialacháin.

## Bhí údar ag Coillte brath ar Airteagal 7(5) de Rialacháin RFC

San achomharc seo d'iarr an t-achomharcóir: "gach faisnéis a bhaineann le rannpháirtíocht idir Coillte agus Midlands Motor Club i ndáil le railí mótair a bhí beartaithe agus a cuireadh ar ceal ina dhiaidh sin le bheith ar siúl ar chodanna d'eastát Coillte, thart ar Bhealtaine 2022.

Le cur san áireamh, ach gan a bheith teoranta do, comhfhreagras (gach meán), lena n-áirítear ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, teachtaireachtaí WhatsApp, teachtaireachtaí gutha, gach nóta agus litir (lámhscríofa nó próiseáilte ar ríomhaire), nótaí agus miontuairiscí ó aon chruinnithe.

Chun soiléiriú a dhéanamh, tá an t-iarratas seo le faisnéis a áireamh roimh, le linn agus i ndiaidh dháta na hócáide. Ba mhaith liom an fhaisnéis seo a iarraidh i bhformáid leictreonach."

Dhiúltaigh Coillte don iarratas faoi Airteagal 7(5) de Rialacháin RFC ar an mbonn nach raibh aon taifid ábhartha ann.

Rinne an t-achomharcóir achomharc chuig an Oifig seo ar an mbonn gur bhain an t-iarratas le himeacht beartaithe ar thailte Coillte a fógraíodh ar líne agus gur cuireadh comharthaí ar mhaoin Coillte chun úsáideoirí foraoise a chur ar an eolas faoi dhátaí na hócáide, agus dá bhrí sin ní raibh an t-achomharcóir sásta nach raibh aon taifid ábhartha ann.

Ina haighneacht achomhairc, chuir an t-achomharcóir mionsonraí breise ar fáil chun tacú lena tuairim gur cheart go mbeadh níos mó faisnéise ábhartha ann laistigh den údarás, lena n-áirítear;

Theip ar Choillte baill dá bhFoireann Áineasa a chur san áireamh mar Shaineolaithe Ábhair.

Léirigh Coillte gur cuardaíodh taifid d'Aonad Limistéir Gnó 1 agus d'Aonad Limistéir Gnó 2. Mhaígh an t-achomharcóir gur cheart taifid do d'Aonad Limistéir Gnó 3 a chuardach freisin toisc go raibh limistéar san aonad sin a bheadh san áireamh mar shuíomh don railí beartaithe.

Thug an t-achomharcóir faoi deara gur chuir eagraithe na hócáide, an Midland Motor Club (MMC), post ar na meáin shóisialta tar éis an ócáid a chur ar ceal a mhol an "obair dhian gan staonadh lenár gcairde agus lenár gcomhghleacaithe in Coillte..." maidir leis na hiarrachtaí a rinne an dá pháirtí chun an ócáid bheartaithe a eagrú.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh "leibhéal suntasach rannpháirtíochta idir an dá pháirtí ann go soiléir agus measaim gur cúis mhór imní é nach ndearna Coillte cuardaigh leordhóthanacha ar na taifid sin, nár choinnigh siad aon taifid den rannpháirtíocht sin nó gur scrios siad na taifid sin".

Luaigh an t-achomharcóir freisin roinnt samplaí nuair a chreid sí go gcruthófaí doiciméid de ghnáth d'imeacht ar nós an railí sin, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do dhoiciméid a bhaineann le hárachas, pleananna lóistíochta, measúnuithe riosca, pleananna teagmhais i gcás aon eachtraí agus sonraí faoi phointí rochtana do bhóithre foraoise agus/nó Cearta Slí.

Le linn imscrúdú an achomhairc seo, d'iarr an Oifig seo aighneachtaí ar Choillte maidir leis na cuardaigh agus na céimeanna a ghlac siad chun faisnéis chomhshaoil ábhartha a aimsiú. Mar fhreagra, rinne Coillte na pointí seo a leanas;

> *"Chuaigh an cinnteoir tosaigh i gcomhairle go cuimsitheach leis na Saineolaithe Ábhair, is iad sin pearsanra Coillte a sannadh d'Aonad Limistéir Gnó 1 agus d'Aonad Limistéir Gnó 3, ar limistéar geografach ábhartha don Iarratas iad agus a bheadh páirteach sa phróiseas ábhartha dá rachadh railí ar aghaidh.*
>
> *Ba iad na Saineolaithe Ábhair a sainaithníodh ná Bainisteoirí Oibríochtaí in Aonad Limistéir Gnó 1 agus in Aonad Limistéir Gnó 3 agus baill foirne aonair ó Aonad Limistéir Gnó 3.*
>
> *Rinneadh cuardaigh ar SharePoint agus ar Microsoft Outlook agus rinne gach SME ainmnithe cuardach ar a gcuntais Outlook féin."*

Ba iad na heochairfhocail a úsáideadh sna cuardaigh ná 'Motor Rally', 'Motor Sport Ireland', 'LM09 Rally' agus 'Rally Permit'.

Ní bhfuarthas torthaí maidir le faisnéis chomhshaoil a bhain leis an Iarratas ó na cuardaigh a rinneadh.

Ina theannta sin, bhí na Saineolaithe Ábhair in ann a dheimhniú don chinnteoir céadchéime, bunaithe ar a n-eolas ar aon rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha a bhain lena nAonad Limistéir Gnó, lena n-áirítear aon imeachtaí a bhí beartaithe nó deimhnithe agus an próiseas chun imeachtaí a eagrú a bhaineann le hEastát Coillte, go raibh aon rannpháirtíocht maidir le railí a bhí mar ábhar an Iarratais, nár tharla i ndáiríre agus nár eisíodh cead ná nár cuireadh iarratas isteach ar chead ag aon pháirtí, idir Coillte ag leibhéal an Aonaid Limistéir Gnó agus lucht eagraithe an imeachta a bhí beartaithe trí ghlaonna teileafóin agus cruinnithe ar an láthair amháin.

Dheimhnigh na Saineolaithe Ábhair freisin nach raibh aon nótaí ná miontuairiscí ar aon ghlao teileafóin nó cruinniú dá leithéid.

Agus é ag plé leis an achomharc, rinne an cinnteoir athbhreithniú ar na cuardaigh a rinneadh agus d'iarr sé ar na Saineolaithe Ábhair aitheanta cuardach breise a dhéanamh, gan dochar do na cuardaigh a rinneadh cheana agus don réasúnaíocht a tugadh sa Chinneadh Tosaigh, sna suíomhanna céanna ag úsáid an téarma cuardaigh eochairfhocail

"Midland Motor Club". Mar thoradh ar an gcuardach níos déanaí sin, deimhníodh dom nach sainaithníodh aon taifid a bhain leis an Iarratas.

Dheimhnigh Coillte freisin gur tugadh sonraí míchearta sa chinneadh athbhreithnithe inmheánaigh, nuair a dúirt an t-údarás go mícheart go raibh comhairliúchán déanta le saineolaithe ábhair (Saineolaithe Ábhair) in Aonad Limistéir Gnó 1 agus in Aonad Limistéir Gnó 2; dheimhnigh an t-údarás go ndearnadh cuardaigh i ndáiríre in Aonad Limistéir Gnó 1 agus in Aonad Limistéir Gnó 3, agus dheimhnigh sé gurbh é sin suíomh geografach an railí a bhí beartaithe".

Leag an Coimisinéir amach ina chinneadh go raibh sé sásta gur ghlac Coillte céimeanna réasúnacha chun faisnéis a bhain leis an iarratas a aithint agus a aimsiú. Thug an Coimisinéir faoi deara go mbíonn an cheist, nuair a dhiúltaíonn údarás poiblí d'iarratas ar thaifid faoi airteagal 7(5) de Rialacháin RFC, cé ar ghlac nó nár ghlac an comhlacht gach céim réasúnach chun suíomh na dtaifead ábhartha a aimsiú. Ní éilíonn na Rialacháin cinnteacht iomlán maidir le taifead a bheith ann ná a suíomh, cionn is go dtarlaíonn cásanna ina gcailltear taifid nó nach féidir iad a aimsiú, nó ina bhféadfaí iad a bheith scriosta de réir bheartais bhainistíochta taifead an chomhlachta.

Luaigh an Coimisinéir faoi deara nach mbíonn an Oifig seo ag súil de ghnáth go ndéanfaidh údaráis phoiblí cuardaigh gan teorainn ar thaifid díreach toisc go maíonn iarratasóir go bhfuil níos mó taifead ann nó go bhféadfadh siad a bheith ann, nó go ndiúltaíonn sé míniú ó údarás poiblí maidir le cén fáth nach bhfuil taifead ann. Is é atá riachtanach chun brath ar airteagal 7(5) ná gur ghlac an t-údarás poiblí gach céim réasúnach chun an taifead atá á lorg a aimsiú.

Tá an cinneadh iomlán ar fáil anseo.

## Éileamh leanúnach ar fhaisnéis a bhaineann leis an bhforaoiseacht

I gcomhréir le blianta roimhe seo, bhain cuid shuntasach de na hachomhairc a fuarthas le linn 2025 le hiarratais ar fhaisnéis éagsúil a bhaineann go ginearálta leis an gclár foraoiseachta. I measc na faisnéise is minice a iarrtar a bhaineann le foraoiseacht tá: taifid monatóireachta oibríochtúla, faisnéis ceadúnais iar-iniúchta, fógraí fómhar gníomhach, agus taifid phleananna fómhair. Aithnímid go gcruthaíonn an t-éileamh leanúnach ar mhéideanna móra faisnéise foraoiseachta ó na húdaráis phoiblí ábhartha ar páirtithe leasmhara iad sa réimse seo, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Coillte agus an Coiste Achomhairc Foraoiseachta, dúshlán riaracháin suntasach.

Tugtar faoi deara go dtagann formhór na n-achomharc seo a bhaineann le foraoiseacht ó líon beag achomharcóirí. Iarraimid ar iarrthóirí a bheith aireach ar na dúshláin atá roimh údaráis phoiblí agus iarratais RFC á gcur isteach acu, agus go gcuireann siad iarrataí fócasaithe isteach, agus go rachaidís i dteagmháil le húdaráis phoiblí i gcásanna inar féidir scóip a n-iarrataí a bheachtú, nuair is féidir.

Tuigeann OCEI ó fhaisnéis a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go bhfuair an sí 380 iarratas ar fhaisnéis a bhain leis an gclár foraoiseachta le linn 2025 agus 252 iarratas ar athbhreithniú inmheánach ina dhiaidh sin.

Tuigimid freisin ó fhaisnéis a fuaireamar ó Choillte go bhfuair sé 248 iarraidh RFC, agus 159 iarraidh ina dhiaidh sin ar athbhreithniú inmheánach.

Ós rud é go leanann an t-éileamh ar fhaisnéis a bhaineann le foraoiseacht ag méadú, molaimid do na húdaráis phoiblí ábhartha freisin na roghanna go léir a bhreithniú a cheadódh scaipeadh réamhghníomhach

ábhair a iarrtar go minic. Tá sé de dhualgas ar gach údarás poiblí faisnéis ábhartha a scaipeadh go réamhghníomhach mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún Aarhus agus sa Treoir RFC. Laghdóidh scaipeadh réamhghníomhach gan gá le hiarratas go mór an t-ualach riaracháin a chuirtear ar údaráis phoiblí trí iarratais RFC agus achomhairc ina dhiaidh sin chuig an Oifig seo.

Aithníonn an Coimisinéir go bhfuil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Coillte araon ag leanúint d'fhaisnéis a chur ar fáil tríd an Amharcóir Ceadúnas Foraoise agus trí amharcóir gréasáin phoiblí Coillte , rud a bhfuil fáilte roimhe, ach tá gá le feabhsú níos mó sa réimse seo. Iarraimid ar gach údarás poiblí a thuiscint go bhfuil sé de dhualgas orthu faisnéis ábhartha a scaipeadh go réamhghníomhach mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún Aarhus agus sa Treoir RFC.

## Airteagal 8(a)(i) de na Rialacháin

D'eisigh an Coimisinéir 18 gcinneadh foirmiúil ar leith le linn 2025 ina raibh an t-údarás poiblí ag brath ar Airteagal 8(a)(i) de Rialacháin RFC chun taifid ábhartha a dhiúltú.  Foráiltear san airteagal sin nach ndéanfaidh údarás poiblí faisnéis chomhshaoil a chur ar fáil nuair a bheadh drochthionchar ag nochtadh na faisnéise ar rúndacht faisnéise pearsanta a bhaineann le duine nádúrtha nár thoiligh don nochtadh, agus nuair a chosnaítear an rúndacht sin ar shlí eile faoin dlí.

Ba chóir do chinnteoirí a thabhairt faoi deara go gcaithfear Airteagal 8(a)(i) a léamh i gcomhar le hAirteagal 10 de Rialacháin RFC. Ceanglaítear le hAirteagal 10(3) ar údarás poiblí breithniú a dhéanamh ar gach iarratas agus leas an phobail a mheas maidir leis a ndéantar fónamh dó trína diúltú agus déantar foráil in Airteagal 10(4) go ndéanfar na forais maidir le diúltú d'iarraidh a léirmhíniú ar bhonn sriantach agus leas an phobail á chur san áireamh a ndéantar fónamh dó tríd an bhfaisnéis a nochtadh.

Foráiltear in Airteagal 10(5) de Rialacháin RFC nach gceadóidh aon ní in airteagail 8 ná 9 d'údarás poiblí gan faisnéis chomhshaoil a chur ar fáil, fiú má choinnítear í in éineacht le faisnéis a bhaineann le hairteagal 8 nó 9, más féidir í a scaradh ón bhfaisnéis sin.

Nuair a bhíonn údarás poiblí ag brath ar airteagal 8(a)(i) chun faisnéis a dhiúltú, caithfidh sé a léiriú;

- go bhfuil an fhaisnéis i gceist ina faisnéis phearsanta a bhaineann le duine nádúrtha nach bhfuil toiliú tugtha aige/aici don nochtadh;
- go bhfuil gné rúndachta ag baint leis an bhfaisnéis phearsanta;
- go bhfuil an rúndacht sin cosanta faoin dlí; agus
- go mbeadh drochthionchar ag nochtadh na faisnéise ar an rúndacht sin.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar chur i bhfeidhm 8(a)(i) ar iarratais RFC, mheas OCEI ábharthacht anailís ar réimeas reachtaíochta RGCS an AE, agus fuair sé go n-oibríonn sé go comhchuí le RFC i gcomhthéacs na forála seo. Is é sin le rá, agus measúnú á dhéanamh ar infheidhmeacht 8(a)(i) maidir le hiarratas RFC, breathnaíonn an Coimisinéir ar dtús ar bhonn dleathach próiseála sonraí pearsanta mar a leagtar amach in airteagal 6 den RGCS, agus fuair sé i gcinntí roimhe seo gurb é airteagal 6(1)(f) an bonn is oiriúnaí i gcás RFC, agus dá réir sin déanann sé athbhreithniú ar an tástáil "leas dlisteanach", lena n-áirítear riachtanas an nochta, mar a bhaineann sé leis an iarratas.

Meastar go bhfuil an tástáil leasa phoiblí, atá éigeantach faoi airteagal 6(1) den RGCS agus 10(3) de Rialacháin RFC, mar an gcéanna; is é sin, déantar tástáil amháin chun ceanglais an dá chóras a chomhlíonadh. Breithníonn an tástáil leasa phoiblí gach iarratas ar bhonn aonair agus meáitear an leas poiblí a sheirbheáiltear trí nochtadh i gcoinne an leas a sheirbheáiltear trí dhiúltú, lena n-áirítear

cearta sonraí na n-ábhar sonraí, aon tionchar díobhálach féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an nochtadh, agus an leas ginearálta a sheirbheáiltear trí fhaisnéis chomhshaoil a scaoileadh i gcomhthéacs an chórais RFC agus a chuspóirí.

Scrúdaíonn an cás-staidéar seo a leanas achomhairc ina raibh an t-údarás poiblí ag brath ar Airteagal 8(a)(i) de na Rialacháin.

## Níl údar maith ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faisnéis a choinneáil siar faoi Airteagal 8(a)(i) de Rialacháin RFC

Thug an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 córas isteach ina raibh clárú éigeantach, agus iniúchtaí freisin, ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Baile (DWWTSanna). Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an Plean Náisiúnta Iniúchta, agus déanann údaráis seirbhísí uisce (údaráis áitiúla) na hiniúchtaí.

D'iarr an grúpa achomharcóirí, Right to Know CLG, rochtain ar thacar sonraí de shuíomhanna láithreán ina ndearnadh iniúchtaí faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta. Thug an GCC rochtain pháirteach ar an tacar sonraí. Diúltaíodh colúin áirithe faoi airteagal 8(a)(i) de Rialacháin RFC.

Bhí an Coimisinéir sásta gur "fhaisnéis phearsanta" a bhí sna sonraí a coinníodh siar, go raibh "leas dlisteanach" ag an iarratasóir na sonraí a fháil de réir an iarratais, go raibh an nochtadh riachtanach chun freastal ar an leas sin, agus nach raibh toiliú tugtha ag na hábhair sonraí don nochtadh. Bhí an Coimisinéir sásta freisin nach raibh an fhaisnéis i gceist faoi aon cheann de na catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a mbeadh cosaint níos airde tuillte acu, agus chuaigh sé ar aghaidh chun cearta na n-ábhar sonraí a mheas i gcoinne an leasa phoiblí i scaoileadh na faisnéise.

Chuir an GCC argóintí chun cinn maidir le tionchar díobhálach ar úinéirí tí aonair, lena n-áirítear maíomh go bhféadfadh damáiste do cháil a bheith ann do dhaoine aonair mar thoradh ar mhíthuiscint phoiblí ar thorthaí na gcigireachtaí. Ní dheachaigh na hargóintí sin i gcion ar an gCoimisinéir. Ní dheachaigh na hargóintí a rinne an GCC maidir le tionchar díobhálach níos leithne ar chóras clárúcháin agus cigireachta DWWTS ar an gCoimisinéir ach oiread. A mhalairt ar fad, mheas an Coimisinéir go bhféadfadh foilsiú gníomhach na faisnéise comhlíonadh níos fearr leis an gcóras reachtúil atá i bhfeidhm a spreagadh.

Luaigh an Coimisinéir faoi go raibh an fhaisnéis a d'iarr an grúpa achomharcóirí inchomparáide le faisnéis a éilítear a bheith ar fáil go poiblí de réir Alt 70B den Acht um Sheirbhísí Uisce (leasú). Dúirt an cinneadh go soiléir go raibh rún reachtach na forála seo dírithe ar thrédhearcacht agus ar mhaoirseacht phoiblí ar chórais chóireála fuíolluisce baile a chinntiú, rud atá ríthábhachtach do chosaint an chomhshaoil agus do shláinte phoiblí.

Chinn an Coimisinéir, i gcúinsí an cháis seo, go raibh an leas poiblí i nochtadh na faisnéise níos láidre ná an leas i gcaomhnú príobháideachais na n-ábhar sonraí ábhartha. Ar an mbonn sin, chinn sé nach raibh údar maith ag an GCC an fhaisnéis a choinneáil siar faoi Airteagal 8(a)(i) agus d'ordaigh sé dóibh an fhaisnéis a scaoileadh.

Tá an cinneadh iomlán ar fáil anseo.

## Níl údar maith ag Coillte faisnéis a choinneáil siar faoi Airteagail 3(1) & 8(a)(i) de Rialacháin RFC

Bhain an cás seo le hiarratas ar fhaisnéis a bhain le haitheantas agus rialú speiceas ionrach i maoin foraoise a bhí á bainistiú ag Coillte. Bhí taifid (ríomhphoist) faighte ag an iarratasóir a bhain leis an iarratas, mar sin féin, bhí ainmneacha, seoltaí ríomhphoist

agus uimhreacha gutháin fhoireann Coillte a scríobh na ríomhphoist ceilte, agus luaigh Coillte airteagail 3(1) agus 8(a)(i) mar chúis leis sin. Mhaígh Coillte nach raibh faisnéis a bhaineann le foireann ina faisnéis chomhshaoil, de réir airteagal 3(1), agus, in ainneoin an mhaímh sin, má mheasfadh an Coimisinéir gur faisnéis chomhshaoil í mar a shainmhínítear faoi Rialacháin RFC, go mbeadh sí cosanta faoi 8(a)(i) toisc gur faisnéis phearsanta í.

Agus breithniú á dhéanamh ar chur i bhfeidhm 3(1), go háirithe infheidhmeacht 3(1)(c), fuair an Coimisinéir go bhféadfaí an fhaisnéis a bhaineann leis an iarratas RFC a mheas mar "*bheart*" a "mbíonn tionchar aige, *ar dócha dó tionchar a bheith aige nó atá deartha chun an comhshaol a chosaint*" *de réir mhír C d'airteagal* 3(1), agus go raibh an fhaisnéis cheilte ina faisnéis "faoin" mbeart seo. Dá réir sin, fuair sé go measfaí i gcásanna mar seo, nuair a mheastar taifead a bheith bainteach le leis an gcomhshaol, go measfaí ábhar an taifid sin freisin mar fhaisnéis chomhshaoil agus gur cheart é a scaoileadh ina iomláine, ach amháin i gcás cosaint faoi dhíolúine eile.

Maidir le hAirteagal 8(a)(i), fuair an Coimisinéir go raibh an fhaisnéis a cheilte ina faisnéis phearsanta mar a shainmhínítear faoi chóras RGCS agus go raibh "leas dlisteanach" ag an achomharcóir í a iarraidh, agus rinne sé tástáil chothromaíochta leasa phoiblí de réir Airteagal 6(1) de RGCS agus 10(3) de Rialacháin RFC. Fuair an Coimisinéir, maidir le scaoileadh ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist foirne, go raibh an leas poiblí i nochtadh níos láidre ná an leas i ndiúltú, ag tabhairt faoi deara an leas ginearálta tábhachtach i nochtadh faisnéise comhshaoil chun cuspóir na Treorach RFC a bhaint amach agus gur cheart do dhaoine atá ag obair sa tseirbhís phoiblí iad féin a aithint, de mheon luachanna na hearnála poiblí amhail inrochtaineacht, trédhearcacht agus ionracas. Thug an Coimisinéir rabhadh go gcaithfear gach cás a bhreithniú bunaithe ar a fhíricí féin agus go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina léiríonn údarás poiblí tionchair dhíobhálacha ar dhaoine aonair i leith scaoileadh faisnéise den sórt sin, rud a d'fhéadfadh cothromaíocht a dhéanamh i gcoinne mheon i bhfách le scaoileadh chóras RFC ach de réir mar a bhí na fíricí sa chás seo, ní raibh sé amhlaidh.

Maidir leis na huimhreacha gutháin cheilte, mheas an Coimisinéir, i bhfianaise chuspóir na n-uimhreacha sin, go bhfuil leas poiblí teoranta nó nach bhfuil leas poiblí ar bith ann ina scaoileadh i gcúinsí ina bhfuil bealaí eile cumarsáide ar fáil don phobal maidir le rochtain ar fhaisnéis. Dá réir sin, fuair sé nach raibh an leas poiblí i nochtadh níos láidre ná an leas i ndiúltú. Mar thoradh air sin, d'ordaigh an Coimisinéir scaoileadh na faisnéise a bhain le hainmneacha agus seoltaí ríomhphoist foirne, agus dhaingnigh sé cinneadh Coillte gan na huimhreacha gutháin a scaoileadh de bharr chur i bhfeidhm 8(a)(i) orthu.

Is féidir téacs iomlán an cháis a fháil anseo.

## Níl údar maith ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe faisnéis a choinneáil siar faoi Airteagal 8(a)(i)

Sa chás seo rinne an t-achomharcóir iarratas RFC ar fhaisnéis chomhshaoil chuig an gComhairle ar chóip neamhfholaithe den "Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair Chéim 1/2 ar Chrosbhealaí Coisithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Bóthar Thuama, Bóthar na Trá & Bóthar na Bearna", a chlúdaigh suíomhanna agus dearaí eile, agus lena n-áirítear ainmneacha nó ceannlitreacha fhoireann an iniúchta agus an fhoireann dearaidh.

D'eisigh an Chomhairle a cinneadh bunaidh i mí Feabhra 2024, ag tabhairt cuid den fhaisnéis don achomharcóir, agus ag cur in iúl dó go raibh sí ag folú faisnéis phearsanta faoi airteagal 8(a)(i) de Rialacháin RFC agus alt 37(5) den Acht um Shaoráil Faisnéise.

D'iarr an t-achomharcóir athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh, ag leagan amach an leas phoiblí, dar leis, san fhaisnéis a iarradh agus ag smaoineamh ar cé acu go raibh nó nach raibh faisnéis rúnda i gceist. Scríobh sé;

*"Go sonrach, déanaim achomharc ar an gcinneadh ainmneacha údar na tuarascála iniúchta sábháilteachta bóthair a bhí mar ábhar an iarratais RFC sin a choinneáil siar. Is é mo thuairim go soláthraíonn ábhar na tuarascála iniúchta sábháilteachta bóthair bunús le gearán foirmiúil chuig Innealtóirí Éireann maidir leis an mbealach follasach a thug na húdair faoina dtuarascáil. Ina theannta sin, téann an dearadh a cheadaigh siad go hoibiachtúil i ngleic do mholtaí sábháilteachta i dtreoirlínte deartha bóthair éagsúla le breis agus 25 bliain anuas".*

I mí an Mhárta 2024, d'eisigh an Chomhairle a hathbhreithniú inmheánach, ag daingniú an chinnidh bhunaidh mar seo a leanas;

*"Tá na taifid ábhartha don iarratas seo scrúdaithe agam. Tá cinneadh déanta agam an cinneadh a rinne an cinnteoir tosaigh a dhearbhú agus an méid seo a leanas a thabhairt maidir le mo chinneadh: Agus mé ag breithniú d'achomhairc chuig an oifig seo agus na hargóintí atá curtha chun cinn agat; caithfidh mé a chur in iúl go n-easaontaím go bunúsach le do léirmhíniú ar ghnéithe áirithe de Rialacháin RFC agus den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. I gcúinsí ina soláthraítear seirbhís d'Údarás Poiblí, is é an "Soláthraí Seirbhíse" a bhfuil conradh aige chun an tasc a dhéanamh atá freagrach as soláthar na seirbhíse agus ní fostaithe aonair an tsoláthraí sin.*

*Chomh maith leis sin, ba mhaith liom d'aird a tharraingt ar Rialacháin RFC maidir leis an sainmhíniú ar "Fhaisnéis Chomhshaoil", mar a leagtar amach in Airteagal 3(1). Tá sé seo ríthábhachtach mar go gcinntear leis cén fhaisnéis chomhshaoil a thagann faoi réimse na Rialachán RFC. Ní chreidim gur féidir ainmneacha fostaithe aonair, atá fostaithe ag an soláthraí seirbhíse seo agus a bhfuil conradh acu Tuarascáil Iniúchta a dhéanamh, a mheas mar "fhaisnéis chomhshaoil" ar chor ar bith. Dearbhaím an cinneadh bunaidh agus tarraingím d'aird ar an gceart achomhairc seo a leanas."*

Chuir an t-achomharcóir achomharc isteach chuig an Oifig seo i mí Aibreáin 2024.

Ós rud é gur dhiúltaigh an Chomhairle cuid den iarratas ar bhonn airteagal 8(a)(i) de Rialacháin RFC, ag coinneáil siar ainmneacha na ndaoine aonair ar an bhfoireann iniúchta agus ar an bhfoireann dearaidh sa tuarascáil, chomh maith lena dteidil poist agus a n-uimhreacha tagartha Bhonneagar Iompair Éireann ba é raon athbhreithnithe an Choimisinéara san achomharc seo cibé an raibh an Chomhairle i dteideal brath ar airteagal 8(a)(i) chun an fhaisnéis seo a choinneáil siar.

Pléadh an argóint a chuir an Chomhairle chun cinn maidir le cé acu a bhféadfaí nó nach bhféadfaí an fhaisnéis i gceist san achomharc seo a mheas mar fhaisnéis chomhshaoil mar a shainmhínítear faoi Airteagal 3(1) de Rialacháin RFC sa chuid d'ábhair tosaigh den chinneadh ábhartha, áit ar aimsigh an Coimisinéir go bhféadfaí an fhaisnéis a mheas mar fhaisnéis chomhshaoil.

Ina haighneacht chuig an Oifig seo, leag an Chomhairle amach conas a chreid sí go mbeadh drochthionchar ag scaoileadh ainmneacha na ndaoine, a dteidil poist nó a n-uimhreacha tagartha Bhonneagar Iompair Éireann ar na daoine sin. Dúirt sí: *"nuair a tharchuireann achomharcóir innealtóirí chuig a gcomhlacht rialála de shíor, bíonn tionchar díobhálach ar na hinnealtóirí mar gheall ar an ngá atá acu iad féin a chosaint go*

*leanúnach os comhair an chomhlachta rialála. D'fhéadfadh sé freisin dochar a dhéanamh dá ndeiseanna fostaíochta agus iad a shrianadh maidir le hardú céime a fháil. Tagann diúltú ainmneacha a scaoileadh faoi na ceanglais díolúine in airteagal 8(a)(i) mar go gcosnaíonn sé na hinnealtóirí ó thionchair iarrachtaí an Achomharcóra an fhaisnéis seo a úsáid chun críocha go hiomlán difriúil ón gcuspóir ar iarradh í faoi Rialacháin RFC."*

Thug an t-achomharcóir, ina aighneacht, faoi deara go bhfuil gach innealtóir sibhialta cláraithe in Éirinn inchuardaithe ar shuíomh gréasáin Innealtóirí Éireann agus go mbíonn sé coitianta tuarascálacha Iniúchta Sábháilteachta Bóthair neamhfholaithe a fhoilsiú; mhaígh sé freisin go raibh leas láidir poiblí sa fhaisnéis a scaoileadh

Rinne an Coimisinéir breithniú ar gach argóint ábhartha ó na páirtithe ina chinneadh, ag cur san áireamh go raibh cáilíochtaí áirithe riachtanach chun iniúchtaí den sórt sin a dhéanamh agus go raibh sé riachtanach údair a aithint chun a fhíorú go raibh na cáilíochtaí riachtanacha acu, agus leag sé amach go mion an cur chuige i leith sonraí pearsanta faoi chóras RFC i bhfianaise an RGCS. Ar deireadh, chuir an Coimisinéir an cinneadh na Comhairle ar neamhní san achomharc seo agus d'ordaigh sé scaoileadh na faisnéise a bhí á lorg.

Tá cinneadh iomlán an Choimisinéara san achomharc seo ar fáil anseo.

## Airteagal 9(1)(b) de na Rialacháin

Le linn ár n-imscrúduithe i rith 2025, bhí roinnt achomharc ina raibh údaráis phoiblí ag brath ar an díolúine dá bhforáiltear faoi Airteagal 9(1)(b) de Rialacháin RFC. Foráiltear leis an Airteagal seo foras lánroghnach chun faisnéis a dhiúltú ag údarás poiblí i gcás go mbeadh drochthionchar ag nochtadh na faisnéise a iarrtar ar chúrsa na córa (lena n-áirítear fiosrúcháin choiriúla agus fiosrúcháin araíonachta). Féachann an Forail seo le hAirteagal 4(2)(c) den Treoir RFC a thrasuí, atá bunaithe ar Airteagal 4(4)(c) de Choinbhinsiún Aarhus dá réir sin. Foráiltear in Airteagal 4(2)(c) den Treoir RFC gur féidir le Ballstáit glacadh le diúltú iarratais ar fhaisnéis chomhshaoil má bhíonn drochthionchar ag nochtadh na faisnéise ar chúrsa na córa, do chumas aon duine triail cheart a fháil, nó do chumas údarás poiblí fiosrúchán a dhéanamh de chineál coiriúil nó araíonachta.

### An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara treoraithe chun fógraí seachtainiúla ar Láithreáin Fómhair Gníomhacha a sholáthraíonn Coillte a scaoileadh go hiomlán don iarrthóir

I mí Feabhra 2022, d'iarr an t-iarrthóir rochtain ar fhógraí seachtainiúla ar láithreáin fómhair gníomhacha a sholáthraíonn Coillte don Roinn Talmhaíochta. Is limistéir laistigh d'fhoraois iad láithreáin fómhair gníomhacha ina mbaintear adhmad, trí chaolú nó ghlanleagan. Úsáideann an Roinn an t-eolas chun cinneadh a dhéanamh maidir le suíomhanna a roghnú le haghaidh iniúchta ar an láthair mar chuid dá ról rialála. Choinnigh cinneadh athbhreithnithe inmheánach na Roinne an t-eolas ar an bonn go mbeadh drochthionchar ag an scaoileadh sin ar chúrsa na córa (alt 9(1)(b) de Rialacháin RFC).

I mí Iúil 2024, rinne an Roinn a seasamh a nuashonrú agus scaoileadh liosta achoimrithe de na láithreáin fómhair gníomhacha ábhartha don achomharcóir. Mar gheall ar imeacht ama, ghlac an Roinn agus Coillte (mar pháirtí tríú ábhartha) leis nach bhféadfaí na láithreáin fómhair ábhartha a mheas níos mó mar "gníomhach", agus dá bhrí sin ní raibh cúis ar bith ann chun an t-eolas a choinneáil.

Mar sin féin, i gcúrsaí an cháis seo, mheas an Coimisinéir go raibh sé cuí ábhair a mheas bunaithe ar na láithreáin a bheith "gníomhacha". Ina thuairim, bhí an cur chuige seo le leas gach páirtí agus i gcomhréir le spriocanna chóras Aarhus, mar is dóichí i gcónaí in achomharc den chineál seo nach mbeadh na láithreáin sin gníomhach a

thuilleadh ag an am a sroicheann an t-iarratas an Oifig seo agus is féidir é a chinneadh.

Ina theannta sin, mheas an Coimisinéir nach gcomhlíonann an liosta achoimrithe a scaoileadh don iarrthóir iomlán raon iarratais an iarrthóra. Mheas sé gurbh iad na fógraí iarbhír a fuair an Roinn ó Choillte, seachas liosta achoimre, a raibh gá le cinneadh a dhéanamh ina leith maidir le scaoileadh. Luaigh an cinneadh gurb é an rud a rinne an Roinn go héifeachtach sa chás seo ná cuid den fhaisnéis iarrtha a sholáthar don achomharcóir, i bhfoirm nó ar bhealach difriúil ón méid a d'iarr sé. Thug sé faoi deara dá mba mhian leis an Roinn an t-iarratas seo a láimhseáil ar an mbealach sin, gur cheart di a bheith ag brath ar Airteagal 7(3)(a)(ii) de Rialacháin RFC, agus gur cheart di míniú a thabhairt ar cén fáth go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé réasúnach rochtain ar an bhfaisnéis a iarradh, i bhfoirm liosta achoimre. Mhínigh an Coimisinéir freisin nach bhféadfaí brath ar Airteagal 7(3)(a) de Rialacháin RFC, agus an t-iarratas a láimhseáil ar an mbealach seo, a mheas mar réasúnach ach amháin má bhí an fhaisnéis uile a coinníodh siar díolmhaithe faoi Rialacháin RFC agus dá bhrí sin go bhféadfaí í a choinneáil siar go dleathach ón achomharcóir.

Dhearbhaigh an Roinn don Oifig seo nach raibh sí ag brath a thuilleadh ar aon díolúintí chun an fhaisnéis a iarradh a choinneáil siar ón iarratasóir. Mar sin féin, mhaígh Coillte nár cheart faisnéis a bhaineann le láithreáin lománaíochta ghníomhacha a scaoileadh faoi na hairteagail seo a leanas de Rialacháin RFC – Airteagal 8(a)(iii) (cosaint an chomhshaoil), Airteagal 9(1)(a) (slándáil phoiblí), agus Airteagal 9(1)(b) (cúrsa na córa).

Maidir le hAirteagal 8(a)(iii), mhaígh Coillte go bhféadfadh nochtadh cur isteach ar an Roinn ina gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe, rud a d'fhéadfadh a bhaint d'éifeachtacht Acht na Foraoiseachta 2014. Mar sin féin, níor léirigh sí aon nasc díreach idir an fhaisnéis a coinníodh siar agus éifeachtacht an phróisis iniúchta. Fuair an Coimisinéir amach, fiú dá bhféadfaí nasc den sórt sin a léiriú, nach raibh sé soiléir go mbeadh drochthionchar ag an gcineál cur isteach a bhí beartaithe ar an gcomhshaol chun críocha Airteagal 8(a)(iii).

Maidir le hAirteagal 9(1)(a), mhaígh Coillte go dtiocfadh teagmhais freastail neamhúdaraithe ar láithreáin ghníomhacha mar thoradh ar nochtadh agus dá réir sin go mbeadh riosca do shlándáil phoiblí trí riosca do bheatha agus do shláinte an duine. Mar sin féin, tar éis dó na taifid a coinníodh siar a scrúdú agus faisnéis a mheas atá ar fáil trí Amharcóir Ceadúnas Foraoiseachta na Roinne agus amharcóir léarscáile poiblí Choillte, agus faisnéis atá ar fáil go poiblí go ginearálta i bhfoirm fógraí láithreáin agus ar shuíomh gréasáin Choillte maidir le tarluithe beo oibreacha lománaíochta. Ní raibh an Coimisinéir sásta gur bunaíodh riosca réasúnach intuartha de thionchar díobhálach ar shlándáil phoiblí ionas go bhféadfaí a rá go raibh Airteagal 9(1)(a) i bhfeidhm.

Maidir le hAirteagal 9(1)(b), mhaígh Coillte freisin go gcuirfeadh nochtadh isteach ar an Roinn ina dualgais iniúchta agus forfheidhmithe a chur i gcrích go héifeachtach. Mar sin féin, ní raibh an Coimisinéir sásta gur léirigh Coillte go leor go gcuirfeadh scaoileadh na faisnéise riosca intuartha ar chumas na Roinne a ról reachtúil a chomhlíonadh faoin Acht um Fhoraoiseacht 2014. Ina theannta sin, luaigh an cinneadh nach raibh an Roinn féin den tuairim a thuilleadh go mbeadh tionchar díobhálach ag scaoileadh na faisnéise ar a próiseas iniúchta ná go gcuirfeadh sé riosca intuartha ar a cumas a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh maidir leis an earnáil foraoiseachta.

Ar an mbonn thuas, fuair an Coimisinéir amach nach raibh aon cheann de na díolúintí luaite i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis. Ina theannta sin, fuair sé amach nach bhféadfaí cinneadh na Roinne sa chás seo; chun an fhaisnéis iarrtha a sholáthar don achomharcóir i bhfoirm nó ar bhealach difriúil; a údarú faoi Airteagal 7(3)(a)(ii), agus d'ordaigh sé scaoileadh na bhfógraí iarbhír de dheasca sin.

Tá an cinneadh iomlán ar fáil anseo.

## Airteagal 9(1)(c) de na Rialacháin

Féadfaidh údaráis phoiblí diúltú d'iarratais ar fhaisnéis chomhshaoil i gcúinsí ina bhféadfadh a scaoileadh a bheith díobhálach do leasanna tráchtála duine aonair nó cuideachta agus ina bhfuil foráil do chosaint na faisnéise sa dlí náisiúnta nó sa dlí Comhphobail chun leas eacnamaíoch dlisteanach a chosaint.

Tá sé coitianta le blianta beaga anuas, 2025 san áireamh, go mbíonn údaráis phoiblí ag brath ar an airteagal seo chun faisnéis chomhshaoil a chur in eagar nó a dhiúltú, ina haonar nó i dteannta le forálacha díolmhaithe eile RFC, mar a fheictear sna hachomhairc a fhaigheann OCEI.

Soláthraíonn an t-airteagal foras lánroghnach d'údaráis phoiblí chun diúltú faisnéis chomhshaoil a chur ar fáil i gcás ina mbeadh drochthionchar ag nochtadh ar "rúndacht tráchtála nó tionsclaíoch, i gcás ina bhfuil foráil don rúndacht sin sa dlí náisiúnta nó sa dlí Comhphobail chun leas eacnamaíoch dlisteanach a chosaint". Tá roinnt gnéithe ag teastáil chun an díolúine a sholáthraítear san airteagal seo a chur i bhfeidhm, mar seo a leanas:

- Caithfidh an fhaisnéis iarrtha a bheith de chineál tráchtála nó tionsclaíoch.
- Caithfidh foráil do rúndacht na faisnéise a bheith sa dlí.
- Caithfidh an rúndacht leas eacnamaíoch dlisteanach a chosaint.
- Bheadh drochthionchar ag nochtadh ar an rúndacht.

Tá sé tábhachtach go mbeidh údaráis phoiblí in ann a léiriú go bhfuil gach ceann de na ceithre ghné comhlíonta maidir le haon iarratas ar fhaisnéis sula ndéanann siad diúltú nó páirt-dhiúltú faoin airteagal seo. Chun go mbeidh an fhoráil infheidhme in aon chás, ní mór a fháil amach ar dtús go bhfuil an fhaisnéis iarrtha de chineál tráchtála nó tionsclaíoch. De ghnáth ní bhíonn sé deacair an ghné seo a léiriú, go háirithe má thagann an fhaisnéis ó chomhthéacs tráchtála, mar shampla, faisnéis airgeadais neamhfhoilsithe, rún trádála, nó sonraí próisis tionsclaíoch nach bhfuil sa réimse poiblí. Déanfar plé níos mó thíos ar an dara gné den fhoráil, is é sin go gcaithfidh foráil do rúndacht na faisnéise a bheith sa dlí.

Éilíonn an tríú gné go gcosnaíonn an rúndacht leas eacnamaíoch dlisteanach an chruthaitheora agus/nó úinéara na faisnéise i gceist. De ghnáth bainfidh leas den sórt sin le cúrsaí airgeadais nó eacnamaíocha, ag eascairt as luach bunúsach na faisnéise dá sealbhóir, mar shampla, ábhar dílseánaigh as a dtagann tairbhí airgeadais, nó sonraí trádála, tionsclaíocha nó tráchtála a théann chun tairbhe don eintiteas a shealbhaíonn iad. Is í an ceathrú gné ná go gcaithfear a thaispeáint go mbeadh tionchar diúltach intuartha ar an leas eacnamaíoch dá scaoilfí an fhaisnéis. Má chruthaítear an cúinse seo, léireoidh sé go minic go bhfuil leas eacnamaíoch dlisteanach i gceist i ndáiríre, nó más féidir a léiriú go mbeadh tionchar diúltach intuartha mar thoradh ar scaoileadh na faisnéise, is gnách go léiríonn sé seo go bhfuil leas den sórt sin ann. D'fhéadfaí drochthionchar a léiriú, mar shampla, trí thaispeáint go mbeadh an fhaisnéis i gceist tairbheach d'iomaitheoirí dá scaoilfí í, agus go mbeadh drochthionchar, airgeadais nó eile, ar úinéir na faisnéise mar thoradh ar a n-úsáid.

### Caithfidh foráil do rúndacht na faisnéise a bheith sa dlí

De réir thaithí na hOifige seo, tá roinnt údarás poiblí ag soláthar réasúnaíocht easnamhach i gcinnteoireacht maidir leis an dara gné den fhoráil, eadhon an riachtanas go "bhforálfar" rúndacht na faisnéise "sa dlí náisiúnta nó sa dlí Comhphobail". Féadfaidh dlí a fhorálann do rúndacht faisnéise tráchtála agus tionsclaíche teacht ó roinnt foinsí, eadhon dlí Eorpach agus dlí náisiúnta, lena n-áirítear an Bunreacht, reachtaíocht agus an dlí coiteann.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 mar dhlí chun Airteagal 9(1)(c) a chomhlíonadh

Ceist a tháinig chun cinn i roinnt achomhairc ná údaráis phoiblí atá faoi réir Rialachán RFC ach nach bhfuil ina gcomhlachtaí poiblí ag an am céanna chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise (FOI), nó atá amhlaidh i leith faisnéise áirithe ach ní i leith gach faisnéise. Féadfaidh an reachtaíocht seo, trína foráil maidir le cosaint íogaireacht tráchtála, i gcásanna cuí, a bheith ina dlí chun an dara heilimint d'Airteagal 9(1)(c) a chomhlíonadh. Mar sin féin, maidir le brath ar an Acht um Shaoráil Faisnéise ag comhlachtaí poiblí nach bhfuil faoi réir a fhorálacha, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur thug an Ard-Chúirt breithiúnas in 2023 sa chás An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil in aghaidh Coillte agus *People Over Wind* [2023] IEHC 227. Thug an breithiúnas seo freagraí ar roinnt ceisteanna a chuir réamhtheachtaí an Choimisinéara faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir leis an idirghníomhú idir an tAcht um Shaoráil Faisnéise agus Rialacháin RFC.

Ceann de na ceisteanna sin ná an bhféadfadh comhlacht poiblí nach bhfuil faoi réir an Achta FOI, sa chás sin Coillte, brath ar dhíolúintí sa reachtaíocht chun diúltú faisnéis a scaoileadh faoi Rialacháin RFC. Chinn an Breitheamh Hyland nach bhféadfadh Coillte, mar chomhlacht nach bhfuil faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, brath ar fhorálacha an Achta mar dhlí a sholáthraíonn do rúndacht imeachtaí údaráis phoiblí faoi Airteagal 8(a)(iv) de Rialacháin RFC mar chúis chun faisnéis chomhshaoil a choinneáil siar, ag rá go soiléir "*ní bhaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le Coillte agus ní féidir leis teidlíocht a mhaíomh os comhair an Choimisinéara chun díolúintí faoin Acht a úsáid amhail is dá mba chomhlacht faoi réir an Achta é*". (ag paragraf 99).

Dá réir sin, sa chás sin, ní fhéadfadh Coillte brath ar an Acht um Shaoráil Faisnéise chun rochtain ar na taifid a coinníodh siar ón achomharcóir a dhiúltú. Cé gur bhain an cás sin le Coillte bheith ag brath ar Airteagal 8(a)(iv) de Rialacháin RFC agus gur staon an breitheamh ó bhreith a thabhairt ar cheist eile a cuireadh faoi bhráid na cúirte, eadhon an raibh alt 36 den Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), a bhaineann le scaoileadh nó neamhscaoileadh faisnéise íogaire ó thaobh tráchtála de, ina chosaint ar rúndacht tráchtála agus tionsclaíoch chun críocha Airteagal 9(1)(c), tá an Coimisinéir sásta, trí chur i bhfeidhm réasúnaíocht an cháis *People Over Wind*, nach féidir le húdarás poiblí nach bhfuil faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise brath ar an reachtaíocht sin mar dhlí chun rúndacht faisnéise tráchtála nó tionsclaíche atá ina sheilbh nó ina chúram aige a sholáthar faoi Airteagal 9(1)(c) de Rialacháin RFC.

Is é an toradh atá ar seo ná go bhfuil an Coimisinéir sásta go bhféadfadh údaráis phoiblí atá faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise brath, i gcásanna cuí, ar Alt 36 chun rúndacht faisnéise tráchtála agus tionsclaíche a chosaint faoi Rialacháin RFC. Is é is cúis leis seo gur chinn an breithiúnas sa chás People Over Wind go gcosnaíonn na díolúintí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise rúndacht taifead a mheastar a bheith díolmhaithe ó scaoileadh faoin reachtaíocht sin. Ciallaíonn sé sin gur féidir Alt 36 a mheas mar fhoráil dlí náisiúnta a chosnaíonn rúndacht tráchtála agus tionsclaíoch faisnéise comhshaoil faoi Airteagal 9(1)(c). Tá cosaint den sórt sin faoi réir, ar ndóigh, an chleachtaidh chothromaíochta faoi Airteagal 10(3) de na Rialacháin chun leas an phobail i neamhscaoileadh faisnéise a mheá i gcoinne na gcúinsí a thacaíonn le diúltú.

## Bhí údar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faisnéis a choinneáil siar faoi Airteagal 9(1)(c)

Bhain an cinneadh seo le hiarratas a rinneadh ar an Roinn ar fhaisnéis a bhaineann le Scéim Feabhsaithe Díchoimisiúnaithe, Athchóirithe agus Athshlánaithe Bhord na Móna (EDRRS), a bunaíodh chun a láithreáin portaigh a dhíchoimisiúnú, a athshlánú agus a athchóiriú tar éis scor de tháirgeadh móna.

San fhaisnéis a iarradh bhí faisnéis airgeadais, clár riosca agus léarscáileanna, a bhfuil baint acu leis an scéim, a cruthaíodh agus a bhí faoi úinéireacht Bhord na Móna, agus a bhí faoi cheangal conarthach iad a aistriú chuig an Roinn. Choinnigh an Roinn siar an fhaisnéis airgeadais go léir, codanna den chlár riosca agus léarscáileanna áirithe, ar bhonn Airteagal 9(1)(c) amháin nó i dteannta le forálacha eile díolmhaithe.

Cé nár ghlac an Coimisinéir leis go mbeadh drochthionchar ag scaoileadh na léarscáileanna ar leasanna eacnamaíocha dlisteanacha an údaráis phoiblí, d'aithin sé go bhféadfadh scaoileadh na faisnéise airgeadais agus sonraí áirithe sa chlár riosca a leithéid de thionchar a bheith acu, *inter alia*, toisc go bhféadfadh sé Bord na Móna a chur faoi mhíbhuntáiste tráchtála i gcomparáid lena iomaitheoirí, a seasamh idirbheartaíochta le soláthraithe a lagú agus sábháilteacht agus slándáil a chur i mbaol i roinnt suíomhanna ainmnithe sa chlár riosca. Mar sin féin, ba í an cheist a bhí le cinneadh ná an raibh rúndacht na faisnéise seo cosanta ag an dlí sa chaoi go bhféadfaí Airteagal 9(1)(c) a chur i bhfeidhm chun a scaoileadh a chosc.

Rinne Bord na Móna iarracht brath ar roinnt dlíthe náisiúnta agus fornáisiúnta, lena n-áirítear an dualgas cothromais rúndachta, Bunreacht na hÉireann, a bhunreacht féin, reachtaíocht agus foinsí dlí Eorpacha. Cé go ndéanann an cinneadh anailís mhionsonraithe ar réimse dlíthe ar féidir le húdaráis phoiblí brath orthu, bhí an Coimisinéir sásta gurbh é an dualgas cothromais rúndachta an ceann ba chuí agus dá réir sin thug sé míniú mionsonraithe ar a impleachtaí agus ar a infheidhmeacht sa chás. Cé go bhfuil an dualgas cothromais rúndachta bunaithe go maith i ndlí na hÉireann agus go n-éilíonn sé trí ghné a chomhlíonadh *chun cúis* chaingne a chruthú i gcás sáraithe, measadh mar sin féin gur féidir, in éagmais sáraithe i gcúinsí ar leith, bunús na cúise caingne – is é sin, an dualgas bunúsach rúndachta, an chéad cheann de na trí ghné nó an ceanglas go mbeadh cáilíocht riachtanach rúndachta ag an bhfaisnéis – a bheith i bhfeidhm maidir le faisnéis thráchtála nó thionsclaíoch.

Ag féachaint do thimpeallacht thráchtála Bhord na Móna agus an cineál faisnéise sna taifid airgeadais agus i gcodanna áirithe den chlár riosca, bhí an Coimisinéir sásta go bhféadfadh scaoileadh na faisnéise sin Bord na Móna a chur faoi mhíbhuntáiste tráchtála, go mbeadh drochthionchar aige ar a leasanna eacnamaíocha dlisteanacha agus go raibh sé cosanta i ndáiríre ón scaoileadh faoin dualgas cothromais rúndachta. Dá réir sin, ós rud é go gcosnaíonn an bonn dlí seo rúndacht na faisnéise, d'fhéadfadh an Roinn a léiriú gur comhlíonadh an ghné seo d'Airteagal 9(1)(c) agus brath ar an bhforáil chun scaoileadh na faisnéise atá i gceist a chosc. Mheas an Coimisinéir nach raibh sé riachtanach, dá bhrí sin, infheidhmeacht na mbonn dlí eile a chuir Bord na Móna faoi bhráid le breithniú a mheas.

Tá an cinneadh iomlán ar fáil anseo.

# Caibidil 4:
# Cúrsaí Dlíthíochta



# Caibidil 4: Cúrsaí Dlíthíochta

## Achomhairc nua in 2025

**Fuair ár nOifig 6 achomharc reachtúla in 2025. Pléadh le dá cheann de na hachomhairc sin ar thoiliú agus cuireadh ar ais chuig an Oifig seo iad le haghaidh cinneadh nua.**

I mí Feabhra 2025, fuair an Oifig seo ceithre achomhairc i gcoinne cinntí ó roinnt údarás poiblí a dhiúltaigh iarratais ar fhaisnéis a bhaineann le rannpháirtíocht an údaráis phoiblí le dlíodóirí seachtracha agus na costais a bhain leis an rannpháirtíocht sin. Chinn an Coimisinéir gur fhaisnéis chomhshaoil a bhí san fhaisnéis seo agus d'ordaigh sé do gach údarás poiblí cinneadh nua athbhreithnithe inmheánaigh a eisiúint, trína scaoilfí an fhaisnéis nó trína ndiúltófaí di ag brath ar dhíolúine. Ba iad seo a leanas na cinntí: Dr Fred Logue agus ESB Networks DAC OCE-147505-B0B7M8, Dr Fred Logue agus Bord Soláthair an Leictreachais OCE-147504-Q5B3C8, Dr Fred Logue agus Coillte OCE-147437-C1W7K5, Dr Fred Logue agus an Coiste Achomhairc Foraoiseachta OCE-147507-S3J9V2. Rinne Bord Soláthair an Leictreachais, ESB Networks, Coillte agus an Coiste Achomhairc Foraoiseachta achomharc ar na cinntí sin chuig an Ard-Chúirt ar bhonn chatagóiriú na faisnéise mar fhaisnéis chomhshaoil, agus táthar ag súil go n-éistfear leis an ábhar ag deireadh 2026.

Bhí an chéad achomharc eile i gcoinne chinneadh an Choimisinéara in Save Leitrim CLG agus Coillte OCE-143263-P9B0N9, inar dhearbhaigh an Coimisinéir cinneadh Coillte táille €15 a ghearradh as soláthar faisnéise de réir Airteagal 15(1) de Rialacháin RFC. Éisteadh leis an gcás seo san Ard-Chúirt i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus d'eisigh an Breitheamh Humphreys a bhreithiúnas an 28 Samhain 2025, ag tagairt dhá cheist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) de réir Airteagal 267 CFAE.

Baineann an chéad cheist le cé acu a bhféadfaidh nó nach bhféadfaidh údarás poiblí aon chuid dá chuid forchostais – go háirithe am foirne a chaitear ar chuardach, aisghabháil agus tiomsú faisnéise – a áireamh agus táille á ríomh acu chun cineál sonrach faisnéise comhshaoil a sholáthar mar fhreagra ar iarratas aonair. Baineann an dara ceist le prionsabal na coibhéise agus cé acu a chuireann nó nach gcuireann rialacha dlí an AE cosc ar Bhallstát táille a ghearradh ar am foirne a chaitear ar chuardach, aisghabháil agus tiomsú faisnéise comhshaoil mar fhreagra ar iarratas an AE, nuair nach mbeadh an cineál céanna táille ceadaithe faoi dhlí náisiúnta um Shaoráil Faisnéise. D'ordaigh an Breitheamh go gcuirfí an chinneadh substaintiúil ar na himeachtaí ar atráth go dtí go dtabharfaí breithiúnas an CBAE Tá nasc chuig an mbreithiúnas sin ar fáil anseo.

Tugadh athbhreithniú breithiúnach i gcoinne chinneadh ón gCoimisinéir a eisíodh i mí na Nollag 2024 in People Over Wind and Coillte OCE-93414-J3Y7T8. Ba é an cinneadh sin ná cinneadh athbhreithnithe inmheánaigh de chuid Coillte a neamhniú agus a chur ar ais le haghaidh cinneadh nua. D'ordaigh an Oifig seo do Choillte próiseas nua cinnteoireachta athbhreithnithe inmheánaigh a dhéanamh i leith na faisnéise atá i gceist. Bhain iarratas an achomharcóra le faisnéis maidir le feirm ghaoithe atá molta ag Coillte i gCuilleanach, Contae Laoise. Ar an 10 Feabhra 2026 d'eisigh an Breitheamh Humphreys san Ard-Chúirt a bhreithiúnas, ag tagairt dhá cheist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) de réir Airteagal 267 CFAE. Bhain an chéad cheist le cé acu a bhfuil nó nach bhfuil

sé de dhualgas ar údarás athbhreithnithe a chumhachtaí iomlána a úsáid chun cinneadh deiridh a dhéanamh é féin, in ionad an cás a chur ar ais chuig an gcomhlacht poiblí bunaidh – go háirithe má chuirfeadh sé sin tuilleadh moille ar an ábhar. Bhain an dara ceist le cibé acu an bhfuil tionchar ag roinnt fachtóirí breise ar chinneadh cás a chur ar ais chuig an údarás poiblí bunaidh. D'ordaigh an Breitheamh go gcuirfí an chinneadh substaintiúil ar na himeachtaí ar atráth go dtí go dtabharfaí breithiúnas an CBAE.

Ar deireadh, fuaireamar achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara in Friends of the Irish Environment c/o FP Logue Solicitors and Department of the Taoiseach, OCE-116904-Y3L3S9. D'athraigh an cinneadh seo cinneadh Choillte. Rinne an Coimisinéir a chinneadh nach faisnéis chomhshaoil a bhí sna ceithre thaifead a bhí i gceist a neamhniú, ach dhearbhaigh sé a chinneadh faoi Airteagal 8(a)(iv) de Rialacháin RFC rochtain ar fhaisnéis áirithe a dhiúltú.Maidir le faisnéis áirithe eile atá i gceist, d'ordaigh an Coimisinéir an fhaisnéis a scaoileadh ar an mbonn nach raibh údar maith ag Coillte brath ar Airteagail 8(a)(iv) agus 9(2)(d) de Rialacháin RFC. Táthar ag súil go n-éistfear leis an achomharc seo san Ard-Chúirt go luath in 2027.

## Achomhairc atá ann cheana

Bhí roinnt nuashonruithe ar ár n-achomhairc atá ann cheana in 2025.

### Coillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe v An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2024] IEHC 28

Mar a leagtar amach in athbhreithniú bliantúil na bliana seo caite, thagair an Ard-Chúirt [2023 IEHC 640] sraith ceisteanna chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i ndáil le hachomharc ar chinneadh an Choimisinéara in OCE-124853-T4T4P0.I mí Bealtaine 2025 d'eisigh an tArdabhcóide sa CBAE a thuairim. I mí Eanáir 2026 d'eisigh an CBAE breithiúnas a dúirt nach n-éilíonn an Treoir ar iarratasóir ainm agus seoladh a chur ar fáil don údarás poiblí agus iarratas á dhéanamh aige. Ní chuireann an Treoir cosc ach oiread ar dhlí náisiúnta socrú praiticiúil a chur i bhfeidhm ina bhféadfaí a éileamh ar iarratasóir ainm agus seoladh a chur ar fáil. Ar an Luan 9 Feabhra 2026, agus an breithiúnas sin á chur i bhfeidhm ar fhíricí an cháis, rinne an Ard-Chúirt an cinneadh chuig an gCoimisinéir in OCE-124853-T4T4P a neamhniú.

### Raidió Teilifís Éireann v An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil & Right to Know CLG [2024] IEHC

Sa bhreithiúnas seo a eisíodh an 20 Nollaig 2024, leag an Breitheamh Humphreys amach stair achomharc RTÉ i gcoinne chinneadh an Choimisinéara gur údarás poiblí é RTÉ de réir bhrí na Rialachán RFC. Chinn an breitheamh roinnt ceisteanna dlí a tharchur chuig an CBAE agus cuireadh bailchríoch ar na ceisteanna go luath in 2025. Tá nasc chuig an mbreithiúnas sin ar fáil anseo. Táimid ag fanacht le breithiúnas ón CBAE.

### Bord Soláthair an Leictreachais v An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil, Right to Know CLG agus Gwen Malone Stenography Services Unlimited Company [2024] IEHC 130

Ní raibh aon nuashonrú ann ón tuarascáil bhliantúil dheireanach maidir leis an achomharc seo. Baineann an breithiúnas seo le hachomharc ar chinneadh an Choimisinéara in OCE-94897-N8Y8 a bhain le hiarraidh ó Right to Know CLG chuig BSL le haghaidh cóip bhog d'athscríbhinn d'éisteacht os comhair eadránaí maoine. Ina chinneadh, chinn an Coimisinéir gur faisnéis comhshaoil de réir

bhrí na Rialachán RFC a bhí sa tras-scríbhinn ina hiomláine. Chinn an Coimisinéir freisin nach raibh BSL i dteideal brath ar Airteagal 9(1)(d) chun an fhaisnéis a bhí á lorg a dhiúltú, toisc gur chinn sé nach raibh feidhm ag cóipcheart maidir leis an athscríbhinn. Chinn an Breitheamh Heslin go ndearna an Coimisinéir earráid sa dlí agus é ag fáil amach gur faisnéis comhshaoil an athscríbhinn, ina hiomláine, toisc gur theip ar an gcinneadh cúiseanna leordhóthanacha a sholáthar lena chonclúidí go bhféadfadh faisnéis faoin nós imeachta eadrána cur le cumas an phobail páirt a ghlacadh i ndíospóireacht maidir le tionscadail amach anseo. Chinn sé freisin go ndearna an Coimisinéir earráid dlí trí mhí-úsáid a bhaint as an tástáil i dtaobh an mbaineann an athscríbhinn leas as cóipcheart nó nach mbaineann, agus gur theip ar an gCoimisinéir aon chúiseanna nó aon chúiseanna leordhóthanacha a thabhairt lena chinneadh chun a chonclúid a aisiompú ina chinneadh roimhe seo go raibh feidhm ag Airteagal 9(1)(d) maidir leis an athscríbhinn. Rinne an Coimisinéir achomharc chuig an gCúirt Achomhairc i leith an bhreithiúnais ina dhiaidh sin. Éisteadh an cás sa Chúirt Achomhairc i mí na Samhna 2024 agus táimid ag fanacht le breithiúnas faoi láthair. Tá nasc chuig an mbreithiúnas sin ar fáil anseo.

Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil
Commissioner for Environmental Information